

Curaclam
Teanga na
Bunscoile
Primary Language Curriculum

Ábhar Tacaíochta
do mhúinteoirí



Clár

1	An Cur Chuige Cumarsáideach	4
2	Feidhmeanna Teanga na Gaeilge	9
3	Eiseamláirí de Struchtúir Ghaeilge	16
4	An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT)	29
5	Múineadh le Scileanna a Aistriú idir Teangacha	37
6	Pleanáil i gcomhair Súgradh Acmhainní	46
7	Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga	52
8	Addressing Grammatical Problems In Learner Irish	61
9	Cosáin Tacaíochta Breise	70
10	Aiseolas Ceartaitheach i gComhthéacs an Tumoideachais	73

Sealbhú Teanga agus An Cur Chuige Cumarsáideach

TORTHAÍ FOGHLAMA

Forbraíonn leanaí coincheapa, meonta agus scileanna maidir le:

- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird
- Gnásanna sóisialta agus feacht ar dhaoine eile
- Stór focal a sealbhú agus a úsáid
- Tuiscint a léiriú
- Athinsint agus mionléiriú
- Teanga a úsáid go spráúil agus go cruthaitheach

Sealbhú Teanga

Moltar an Cur Chuige Cumarsáideach mar mhodh chun cumas sealbhaithe teanga na bpáistí a fhorbairt sa dara teanga. Tarlaíonn forbairt teanga sa Ghaeilge faoi stiúir an mhúinteora: ag am scéalaíochta,

trí phlé, le rainn agus amhráin, trí shúgradh agus i gceachtanna atá teangadhírthe. Bíonn ar an múinteoir na scileanna éisteachta a fhorbairt leis an sealbhú teanga a fhorbairt. Is trí eiseamláiriú agus sealbhú teanga a bheidh na páistí réidh don tréimhse cumarsáide nó iarrachtaí an teanga a úsáid. Ba chóir go mbeadh forbairt le sonrú san fhoghlaim ar úsáid teanga. Bíonn ar an múinteoir monatóireacht a dhéanamh ar ábhar cainte, ráta cainte, comhréir na cainte ach le heiseamláir chúí agus go leor ionchur ón múinteoir beidh féinrialachán agus féincheartúchán le sonrú.

Timpeallacht Chúí don Chumarsáid

Is féidir an seomra ranga a eagrú le cumarsáid a spreagadh. Is féidir deis a thabhairt do na páistí bogadh ó áit go háit. Cuidíonn sé má aithníonn siad gach ceantar agus má bhíonn aontú ar a n-úsáid. Cuir lipéid nó fógraí in airde leis an seomra a eagrú.

AN SEOMRA RANGA

Is féidir áit a chur ar fáil:

don súgradh, m.sh. ealaín, uisce, gaineamh agus áiseanna cuí

don rólghlacadh, m.sh. siopa

do phuipéid, ceannaithe/déanta

don léitheoireacht, le leabhair, bréagáin agus frapaí

don scríbhneoireacht le réimse d'áiseanna scríbhneoireachta

le héisteacht le ceol, scéalta, rainn

do riachtanais forbartha teanga agus litearthachta do chuid páistí.

Sealbhú Teanga agus An Cur Chuige Cumarsáideach



Réamhchumarsáid

- Cluas chuimhne a fhorbairt
- Éisteacht le scéalta agus plé
- Éisteacht le rainn, tosú ar a n-aithris
- Éisteacht le teanga i gcomhthéacs
- Éisteacht le tuairimí agus smaointe
- Éisteacht le míniú, le cur síos nó leid a fháil i bpictiúr le rud a aimsiú
- Ceisteanna agus na focail a bhaineann leo a thuiscint – Cé? Cén áit? Cén uair? Cén fáth? Céard?
- Éisteacht le cóid chúirtéise, beannachtaí, buíochais, srl.
- Éisteacht le heiseamláir teanga
- Éisteacht le treoracha agus iad a leanúint

I rith na tréimhse seo moltar a oiread taithí teanga agus is féidir a thabhairt trí scéalta, amhráin, rainn agus comhrá.

Cumarsáid agus larchumarsáid

- Rudaí/daoine/áiteanna a ainmniú
- Teanga a úsáid ó scéalta/rainn
- Ceisteanna a chur agus a fhreagairt
- Labhairt faoi phictiúir, scéalta, rímeanna nó faoina dtaithe féin
- Athinsint a dhéanamh ar scéal atá ar eolas trí phictiúir/ phuipeid a úsáid
- Sraith pictiúr a chur in ord agus labhairt fúthu
- Míniú a thabhairt/cur síos
- Tosú ar úsáid teanga chuí a bhaineann le buíochas/beannachtaí
- Smaointe/liostaí a phlé faoi stiúir
- Treoracha a thabhairt
- Suíochán te/Am ciorcail, sealanna ag páistí labhairt ar ábhar faoi stiúir
- Ealaín, pictiúr, ceol, ceacht a phlé

Sealbhú Teanga agus An Cur Chuige Cumarsáideach



AN PRÓISEAS

Ionchur go haschur

Bíonn páistí ag éisteacht leis an tumtheanga, a fuaimeanna agus a rithimí. Tosaíonn siad ag tuiscint a bhfuil á rá.

Ansin, déanann siad aithris ar a gcluineann siad, úsáideann siad teanga atá ar eolas go spontáineach agus ansin go neamhspleách.

Úsáidtear tréimhsí an cheachta faoi mar atá leagtha amach sa churaclam chun ionchur go haschur teanga a fhorbairt.

Tréimhsí an Cheachta

An tréimhse réamhchumarsáide

Múintear/cleachtar foclóir ó bhéal, feidhmeanna teanga nó eiseamláirí atá de dhíth leis an tasc teanga a chomhlíonadh.

An tréimhse cumarsáide

Úsáideann an páiste foclóir ó bhéal, feidhm teanga nó eiseamláirí chun tasc cumarsáideach a bhaint amach. Tá gach tasc dírithe ar an bpáiste agus le hacmhainní chúí, is féidir deiseanna cumarsáide a thabhairt trí shúgradh, chluichí teanga, dhrámaí, dhíospóireachtaí agus agallaimh a úsáid. Tugann na deiseanna seo an teanga a chleachtadh seans do pháistí eirí compordach le husáid na teanga i gcomhthéascanna réalaíocha.

Bíonn deis ag an múinteoir sa tréimhse seo don gceacht earráidí a shainaitheint chun tacú don bpleanáil teanga agus don daingniú teanga atá de dhíth ina dhiaidh sin.

An tréimhse iarchumarsáide

Faoi threoir an mhúinteora, déantar daingniú ar theanga na bpáistí maidir lena bhfuil foghlaimthe acu. Tugtar deiseanna dóibh an teanga a thraschur go gníomhaíochtaí/suíomhanna eile.

Leis seo, cruthaíonn an múinteoir go leor deiseanna chun an teanga nua a dhaingniú agus chun cabhrú le páistí éirí muiníneach maidir le húsáid na teanga.

Pleanálann an múinteoir an chéad chéim eile san fhoghlaim ag an tréimhse seo, ag brath ar chumas úsáide teanga na bpáistí. Is féidir an teagasc teanga amach anseo a chur in oiriúint do na páistí, más gá.

Sealbhú Teanga agus An Cur Chuige Cumarsáideach

Ag Tacú leis an nGaeilge

Bíonn níos mó tacaíochta agus níos mó eiseamláiriú ag teastáil ó pháistí leis an nGaeilge. Tá páistí ag teacht ar scoil le líofacht sa Ghaeilge, le beagán Gaeilge agus gan Gaeilge ar bith, agus caithfear freastal orthu sin ar fad. Tá an-bhéim ar an tréimhse réamhchumarsáide a bhaineann le teanga a shealbhú nuair a bhíonn na páistí ag éisteacht leis an teanga. I rith na tréimhse seo, moltar a oiread teagmhála leis an teanga agus is féidir a thabhairt trí scéalta, amhráin, rainn agus comhrá agus bíonn pictiúir, bréagáin, póstaer agus puipéid an-chuidiúil le tacú leis an bpáiste sa tréimhse réamhchumarsáide. Is féidir Gaeilge na bpáistí sin a bhfuil Gaeilge acu a shíneadh sa tréimhse seo le foclóir agus le saibhreas teanga.

Is de réir a chéile a thosóidh páistí ar an tréimhse cumarsáide agus tarlóidh sé seo ag staideanna éagsúla ag brath ar an bpáiste. Is féidir freastal ar pháistí ag na staideanna éagsúla trí obair bheirte nó obair ghrúpa. Léirigh do na páistí an dóigh le hobair le páirtí nó i ngrúpa trí nósanna a eiseamláiriú ar dtús. Sa tréimhse réamhchumarsáide léirigh an dóigh le ceisteanna a chur, seal a ghlacadh, éisteacht le duine eile, freagra a thabhairt, cinneadh a dhéanamh agus an teanga chuí a úsáid i dtús báire sula dtugtar seans do pháistí bheith ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpa leo féin. Beidh tacaíocht de dhíth leis an nGaeilge.

Le Cumarsáid a Spreagadh

Leabhair/Scéalta

Ba chóir leabhair a léamh le páistí a oiread agus is féidir agus an teanga chuí a chleachtadh arís agus arís eile. Is bealach an-éifeachtach é seo le teanga a fhorbairt agus a eiseamláiriú. Bíonn leabhair mhóra níos fusa a láimhseáil le grúpa agus is féidir bréagáin nó puipéid a úsáid le cur leis an scéal agus leis an chumarsáid a spreagadh. Agus na páistí eolach ar an scéal agus ar an teanga, is féidir dráma nó rólghlacadh a bhunú air.

Súgradh Struchtúrtha

Is féidir bréagáin/ gníomhaíochtaí a chur ar

fáil agus sprioctheanga ar leith leo, m.sh. pictiúir le sórtáil, puzal le pictiúr ar leith nó patrún coirníní. Is féidir le páistí tosú ar úsáid na teanga ar bhonn trialach trí shúgradh agus an múinteoir ag tacú leo.

Timpeallacht Chuí don Chumarsáid

Is féidir an seomra ranga a eagrú le cumarsáid a spreagadh. Is féidir deis a thabhairt do na páistí bogadh ó áit go háit. Cuidíonn sé má aithníonn siad gach ceantar agus má bhíonn aontú ar a n-úsáid. Cuir lipéid nó fógraí in airde leis an seomra a eagrú.

Sealbhú Teanga agus An Cur Chuige Cumarsáideach

Rólghlacadh/Dráma

Is féidir é seo a bhunú ar scéal fíor nó ar leabhar atá léite nó scéal atá ag páiste. Bíonn an teanga chuí le tógáil ag na páistí agus beidh tacaíocht de dhíth orthu léi sin. Ba chóir rialacha a phlé roimh ré maidir le sealanna agus róil, srl.

Cuairteanna/Turais

Is féidir cuairt nó turas a eagrú sa scoil féin nó áit eile taobh amuigh den scoil. Is féidir cuireadh a chur ar chuairoteir teacht chun na scoile. Beidh teanga chuí le plé agus le cleachtadh, cur síos, eolas a roinnt, comparáid a dhéanamh, athchuidíocht agus tuairisciú.

Tuairiscí

Iarr ar pháistí tuairisc a thabhairt ar imeacht, ar nuacht nó ar thuras, srl. Bain úsáid as cairt nó póstaer de cheisteanna, Cé? Cén áit? Cén uair? Cén fáth? Céard? leis an gcaint a spreagadh.

Treoracha

Tabhair treoracha do pháistí in ord ar leith agus iarr treoracha ar na páistí. Bain úsáid as patrúin coirníní ar théad, treoir le pictiúir a dhéanamh, treoracha le haghaidh chluichí.



Feidhmeanna Teanga na Gaeilge

TORTHAÍ FOGHLAMA

- Struchtúr Abairte agus Gramadach

Feidhm teanga: bealach úsáide teanga chun cuspóir cumarsáide a bhaint amach.

Chun iad féin a chur in iúl nó chun a gcuid smaointe a eagrú baineann páistí úsáid as teanga ar bhealaí éagsúla. Baineann cuid de na feidhmeanna le béasa a léiriú agus le rudaí a cheiliúradh, cuid eile le riachtanais dá gcuid a chomhlíonadh, cuid acu le tuiscint a fháil ar an dtimpeallacht agus cuid eile le taitneamh a bhaint as an saol! Tá na feidhmeanna teanga fite fuaite ina chéile ach tá saintréithe ar leith ag gach feidhm freisin. Seacht gcinn a

áirítear i gCuraclam Teanga na Bunscoile agus trí aird a thabhairt ar na feidhmeanna ar leith cinntíonn múinteoirí go bhfuil freastal á dhéanamh ar riachtanais teanga na bpáistí. De réir mar atá foclóir oiriúnach á thabhairt go foirmeálta agus deiseanna neamhfhoirmeálta á gcur ar fáil le cleachtadh a dhéanamh, beidh na páistí ag sealbhú na teanga go nádúrtha, rud a chuirfidh lena gcumas cumarsáide.

Déanaimid cumarsáid chun...

1. Rudaí a chur i gcrích
2. Dul i bhfeidhm ar iompar, ar mhothúcháin agus ar dhearcadh daoine eile
3. Réiteach le daoine eile
4. Féiniúlacht agus mothúcháin phearsanta a chur in iúl
5. An timpeallacht shóisialta agus fhisiciúil a lorg agus foghlaim fúithi
6. Cruthú – scéalta, cluichí, domhain nua, téacsanna nua
7. Faisnéis a thabhairt



Tá múineadh na bhfeidhmeanna teanga lárnach ach go háirithe agus muid ag plé leis an dara teanga ar scoil. Ionas go mbeidh páistí in ann cumarsáid a dhéanamh ina dteanga nua, tá sé tábhachtach go mbeidh máistreacht acu ar fheidhmeanna uile na teanga. Má bhíonn an teanga ag páistí a chuireann ar a gcumas na feidhmeanna éagsúla seo a chomhlíonadh is féidir a rá go bhfuil siad líofa. Is féidir leo dul i mbun cumarsáide go muiníneach le daoine eile.

Conas a chuirimid chuige?

Más féidir an sprioctheanga a chur ar fáil go neamhfhoirmeálta mar chuid de shaol an ranga, na nathanna agus an stór focal atá de dhíth a léiriú

Feidhmeanna Teanga na Gaeilge



go gníomhach agus a cheangal le saol na bpáistí, éascófar foghlaim na teanga. Tuigeann múinteoirí go bhfuil solúbthacht iontach ag baint le hintinn na bpáistí. Ní chuireann sé isteach ná amach ar pháistí, múinteoir a bheith ag beannú dóibh ar maidin i dteanga amháin agus ag tabhairt treoracha dóibh tamaillín níos déanaí i dteanga eile. Glacann na páistí nod ón mbeannacht agus freagraíonn sa teanga chuí. Is ionann brí na dtreoracha sa dá theanga.

Sleamhnaíonn na páistí go héasca idir an dá theanga. Níl ann ach dhá bhealach dhifriúla lena gcuid mianta a léiriú, a gcuid smaointe a eagrú agus cumarsáid a dhéanamh. Leagtar amach anseo thíos na feidhmeanna ceann ar cheann agus léirítear an sórt teanga a bheadh i gceist do naíonáin.

Rudaí a chur i gcrích

Teanga a bhaineann le saol laethúil an ranga atá i gceist sa réimse seo, teanga a chuireann ar chumas na bpáistí dul i mbun a gcuid foghlama agus a mianta bunúsacha a shásamh. Aimsíonn na páistí rudaí a bhfuil spéis acu iontu agus meallann siad daoine eile chun dul i gcion orthu. Cuireann siad cuid de na mílte ceist a chabhraíonn leo ciall a bhaint as a dtimpeallacht agus déanann siad tagairt do rudaí agus do dhaoine sa timpeallacht sin.

Cad é sin? Cé leis é seo? Céard a tharla?

Cén uair a bheidh an lón againn?

Cá bhfuil mo leabhar?

An osclóidh tú mo bhosca/mo bhuidéal?

Níl a fhios agam céard atá le déanamh.

Ní féidir liom. Lig dom le do thoil.

Rinne sise é.

Ba mhaith liom súgradh leis na bloic.

An bhfuil cead agam súgradh leat/ é sin a úsáid?

Feidhmeanna Teanga na Gaeilge

Dul i bhfeidhm ar iompar, ar mhothúcháin agus ar dhearcadh daoine eile

De réir mar a théann na páistí i dtaithe ar shaol na scoile tosaíonn siad ag dul i bhfeidhm ar na daoine eile sa saol sin. I measc a bpiaraí cruthaíonn siad grásán sóisialta dóibh féin agus socraíonn a n-áiteanna féin inti. Tugann siad eolas, cuireann siad iachall ar dhaoine rudaí a dhéanamh dóibh agus meallann siad cuid eile acu. Cabhraíonn siad lena gcairde, eagraíonn siad iad agus déanann idirbheartaíocht nuair is gá dóibh. Bíonn na múinteoirí ag tacú leo trí na frásaí atá uathu a thabhairt dóibh.

Ceart go leor. Fan go fóill. Brostaigh.

Ar aghaidh leat. Go raibh maith agat.

Fáilte romhat. Gabh mo leithscéal.

An bhfuil sibh réidh/ullamh? Tá/Níl

Tá brón orm. An bhfuil tú ceart go leor?

Is féidir liom. Ní féidir liom. An féidir leat?

Ar fheabhas. Go hiontach. Go breá. Maith sibh. Tá sé sin go maith. Maith thú.

Go deas. Go maith. Tá tú an-mhaith.



Réiteach le daoine eile

Mar chuid den idirghníomhaíocht shóisialta sa rang tá na gnásanna sóisialta, na coinbhinsiúin, agus an teanga a théann leo, rithábhachtach. Bíonn múinteoirí ag tacú lena bhfoghlaím agus lena gcleachtadh ionas go ndéanfaidh na páistí a gcuid féin díobh. Chomh maith le fuaimeanna na teanga a dhaingniú dhaingniú do na páistí treisíonn úsáid na ngnásanna sóisialta an gaol atá ag na páistí lena bpiaraí agus le pobal na scoile. Bíonn na múinteoirí ag cur ar chumas na bpáistí beannú dá gcairde agus do dhaoine eile.

Feidhmeanna Teanga na Gaeilge

Fáiltíonn na páistí roimh chuariteoir sa rang, cuireann siad iad féin nó daoine eile in aithne agus fágann siad slán leo chomh maith céanna. Ceiliúránn siad ócáidí agus dea-scéalta sa chomhlúadar agus déanann siad comhbhrón uaireanta. Tarraingíonn siad aird orthu féin nó ar dhaoine eile. Bíonn réiteach le fáil acu ar choimhlint. Coinníonn na páistí comhrá le daoine, cuid acu a bhfuil aithne acu orthu agus daoine eile nach bhfuil aithne curtha acu orthu go fóill agus léiríonn siad spéis iontu.

Dia duit. Dia daoibh.
Dia is Muire duit.

Dia is Muire duit/daoibh.

Tá fáilte romhat.
Tar isteach. Conas atá tú?

Is mise Seán.
Seo í Máire. Cé tusa?

Slán anois. Slán go fóill.

Slán agus go raibh maith agat.

Lá breithe sona duit.
Go maire tú do bhróga nua.
Comhghairdeas. Tá brón orm.

A Mhúinteoir. A Mháire.

Tar anseo. Gabh i leith.
Gabh mo leithscéal.

Is liomsa é sin.
Ní leat, is liomsa é.

Ní liomsa é.
Tá mo chótasa gorm.

Féiniúlacht agus mothúcháin phearsanta a chur in iúl

Tuigeann múinteoirí go bhfuil gné inmheánach ag baint leis an gcumarsáid agus go mbíonn oibriú smaointeach na bpáistí ag feidhmiú sula mbíonn an comhrá seachtrach ann. Baineann an fheidhm teanga seo le cur i láthair smaointe, le hathinsint a dhéanamh ar eispéireas a tharla agus le tuairimí a thabhairt. Léiríonn na páistí mothúcháin phearsanta leis an bhfeidhm seo freisin. Bíonn na páistí ag déanamh tuar nó ag cur síos ar conas mar a tháinig siad ar thoradh. Aontaíonn siad nó easaontaíonn siad.

Is breá liom. Is fuath liom. Is fearr liom.

An maith leat? Is/ní maith liom.

Ar mhaith leat milseán?

Ba mhaith liom/Níor mhaith liom.

Sílim...Ceapaim go...

Ní dóigh liom go... Is dóigh liom go...

Rinne mé x ach... má dhéanaim y?

Níor tharla sé mar...

Chuir mé y agus x le chéile ach...

Feidhmeanna Teanga na Gaeilge

An timpeallacht shóisialta agus fhisiciúil a lorg agus foghlaim fúithi

Sa chás go bhfuil teipthe ar thuiscint na bpáistí ní mór dóibh a bheith in ann cabhair a lorg chun réiteach a fháil. Má tá siad fiosrach faoi rud éigin, mar is dual do pháistí, beidh teanga uathu chun an fhiosracht a shásamh. Múinfidh na múinteoirí an teanga a bheidh de dhíth orthu dóibh agus múnlóidh siad úsáid na teanga agus iad ag comhoibriú le gníomhaíochtaí taiscéalaíoch. Ag obair do pháistí mar eolaithe, beidh plé le déanamh ar chúrsaí an tsaoil.

Cad faoi...? Cad mar gheall ar...? Céard a cheapann tú? Cén fáth? Cé mhéad? Cad a tharla?

Abair arís é. Ní thuigim. Taispeáin dom.

Ar dtús...agus ansin.

Ar mhaith leat?

Tá/níl a fhios agam. An bhfuil a fhios agat?

Cruthú – scéalta, cluichí, domhain nua, téacsanna nua

Beidh go leor den teanga a bhaineann le feidhmeanna eile in úsáid ag na páistí anseo ach gur chun scéal a insint a úsáidfear í. Beidh scafall téarmaíochta agus briathra an-chabhrach. Ní bheidh béim ag



na múinteoirí ar chruinneas gramadaí i dtús báire ionas go mbeidh fáilte roimh iarrachtaí na bpáistí iad féin a chur in iúl ach beidh nóta á dhéanamh sa mheasúnú? a thabharfaidh léiriú ar riachtanais teanga chun díriú orthu níos déanaí.

Tá úsáid chaolchúiseach ghrinn na teanga, tuin agus glór na cainte i gceist. Go deimhin tarlaíonn cumarsáid nuair nach mbíonn aon teanga in úsáid; an tslí ina gcasann na páistí i dtreo an té a bhfuil siad compordach leis, an dóigh ina seasann siad chun a bheith ceannasach nó an chaoi a mbaineann siad úsáid as guaillí, lámha agus fiú greadadh coise chun rudaí a chur in iúl. Léiríonn imeartas focal chun greann nó magadh a léiriú go bhfuil sealbhú na feidhme teanga seo ag teacht chuig na páistí.

Feidhmeanna Teanga na Gaeilge

Tá x as láthair. Tá sé/sí tinn, sa bhaile.

Níl sé/sí anseo.

Tá Liam dána / ag ithe / ag brú.

Seachtain ó shin, fadó, nuair a bhí mé óg

Ar maidin... Inné... Lá amháin ...

Bhí... Chuaigh... Tháinig... Rinne... D'fhéach... D'ith

Chnag sé ar an doras. An bhfuil mac tíre ann?

Tá / Bhí X ag troid sa chlós. Ní dhearna mise...

Inniu an Luan / an Mháirt / an Chéadaoin / an Déardaoin / an Aoine.

Faisnéis a thabhairt

Le cúnamh ó mhúinteoirí tugann na páistí leo an teanga a chuireann ar a gcumas ról an mhúinteora féin a ghlacadh anois is arís. Is féidir leo ceannasaíocht a ghlacadh ar ghrúpaí oibre. Tá na páistí anois ag seasamh i lár an aonaigh, compordach go leor lena dtuairim a thabhairt nó cur síos do dhaoine eile ar ábhar a bhfuil suim acu ann. Tá siad sásta teacht i gcabhair ar pháiste eile nach bhfuil an teanga nó an scil aige le seasamh ar a chonlán féin Labhraíonn siad ar a shon, míníonn a chás nó treoraíonn siad féin é. Tá siad sásta an fód a sheasamh agus sa chás go bhfuil rud éigin á fhiosrú is féidir leo a dtaobh den scéal a thabhairt. Is féidir leo dul in éadan an pháiste ag easaontú.

Crochann muid cótaí anseo.

Bailigh na leabhair.

Tá sé in am an áit a ghlanadh.

Cuir na boscaí lóin i dtaisce.

Dún an cófra.

Tá... ag teastáil ó...

Ba mhaith le. dul abhaile.

Mar seo.

Beir ar an siosúr.

Ná cas an claibín.

Tá mo lón sa bhaile mar...

Na rudaí is tábhachtaí ná...

Rinne mé x toisc.

Níl sna samplaí teanga atá tugtha ach blaiseadh den mhéid a thabharfaidh na páistí leo, ach na múinteoirí a bheith go rialta agus go leanúnach ag teagasc agus ag éascú deiseanna úsáide na teanga. Ní ualach do pháistí, ach a mhalairt, bealaí éagsúla a bheith acu chun cumarsáid a dhéanamh. Cuidíonn aird na múinteoirí ar na feidhmeanna éagsúla teanga leis

Feidhmeanna Teanga na Gaeilge

leis na páistí agus iad ag foghlaim agus cuireann sé ar chumas na bpáistí cumas cumarsáid ar ardchaighdeán a bhaint amach sa chéad agus sa dara teanga.

Tagairtí

Effective Language Teaching: A Synthesis of Research (Harris & Ó Duibhir, 2011)

Oral Language in Early Childhood and Primary Education (3-8 mbliana) Gerry Shiel, Áine Cregan, Anne McGough agus Peter Archer

“First Steps” Speaking and listening resource book, Department of Education, WA (2013).

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí: Feidhmeanna teanga agus ailt eile a bhaineann leis an ábhar atá i gCuraclam Teanga na Bunscoile.

Gluais na Gramadaí: Eiseamláirí de Struchtúir Ghaeilge do na Bunranganna

TORTHAÍ FOGHLAMA

Forbraíonn páistí coincheapa, meonta agus scileanna a bhaineann le:

- Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile (Teanga ó Bhéal)
- Tuiscint (Teanga ó Bhéal)
- Cur síos, tuar agus machnamh (Teanga ó Bhéal)
- Seicheamhú agus achoimriú (Léitheoireacht)
- Rannpháirtíocht (Scríbhneoireacht)
- Inspreagadh agus rogha (Scríbhneoireacht)

Inia ta san ábhar tacaíochta seo tá eiseamláirí de struchtúir Ghaeilge a chabhróidh le foghlaimeoirí óga **cumarsáid éifeachtach agus cumarsáid chruinn** a bhaint amach sa Ghaeilge. Ní mór aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar na spriocstruchtúir seo go follasach sna bunranganna Gaeilge. Cabhróidh sé seo le foghlaimeoirí na struchtúir a **thabhairt faoi deara**

agus iad a fhoghlaim go cruinn ó na luathbhlianta ar aghaidh. Moltar aird na bhfoghlaimeoirí óga a dhíriú ar an ngramadach i gcomhthéacs i gcónaí. Tá treoir maidir le cur chuige foirm-dhírithé sna bunranganna ar fáil in ábhar tacaíochta eile an CNCM. Tá deich spriocstruchtúr léirithe san ábhar tacaíochta seo. Tá nóta gramadaí a dhéanann soiléiriú ar an riail ghramadaí don mhúinteoir, maraon le heiseamláirí teanga samplacha de theanga na bhfoghlaimeoirí, ag dul le gach spriocstruchtúr. Is é atá anseo ná eiseamláirí de roinnt de na struchtúir is mó a chothaíonn dúshlán d'fhoghlaimeoirí óga. Beifear ag súil go ndíreofar aird na bhfoghlaimeoirí ar struchtúir eile sna bunranganna chomh maith.



Na Spriocstruchtúir

1. Ainmfhocail Choitianta Fhirinsneacha agus Bhaininsneacha (i) leis an alt agus (ii) leis an aidiacht
2. Céimeanna Comparáide na hAidiachta
3. An Chopail
4. An Aidiacht Shealbhach
5. An Tuiseal Tabharthach
6. Na Forainmneacha Réamhfhoclacha
7. An tAinm Briathartha
8. Na Bunuimhreacha agus na hUimhreacha Pearsanta
9. An Chlaoninsint
10. Samplaí Coitianta den Tuiseal Ginideach

Gluais na Gramadaí: Eiseamláirí de Struchtúir Ghaeilge do na Bunranganna

1. Ainmfhocail Choitianta Fhirinscneacha agus Bhaininscneacha (i) leis an alt agus (ii) leis an aidiacht

Nótaí don Mhúinteoir

Bíonn deacracht ag foghlaimoirí óga go minic inscne na n-ainmfhocail a thabhairt faoi deara.

(Mura bhfuil an múinteoir cinnte d'inscne an ainmfhocail ba chóir í a dheimhniú leis an bhfoclóir.)

Más firinscneach an t-ainmfhocail: Ní bhíonn séimhiú ar thúschonsan tar éis an ailt: *an bord, an peann, an mála, an bosca*; bíonn **t**-roimh ghuta tar éis an ailt: *an t-úll, an t-arán, an t-amhrán, an t-uisce*; agus ní chuirtear **t**-roimh s tar éis an ailt: *an siopa, an seomra, an solas, an samhradh*.

Más baininscneach an t-ainmfhocail: Bíonn séimhiú ar thúschonsan tar éis an ailt: *an chathaoir, an bhean, an fheadóg, an phictiúrlann*; ní bhíonn **t**-roimh ghuta tar éis an ailt: *an obair, an oíche, an ubh, an ordóg*; agus cuirtear **t** roimh s tar éis an ailt: *an tseacláid, an tsráid, an tsaoire, an tseachtain* (ach ní chuirtear **t** roimh **sc, sf, sm, sp** ná **st**: *an scoil, an smig, an Spáinn, an stoirm*).

Ní shéimhítear an aidiacht i ndiaidh ainmfhocail fhirinscnigh: *Tá buidéal mór ar an mbord; Is uisce salach é; Is siopa deas é.*

Séimhítear an aidiacht i ndiaidh ainmfhocail bhaininscnigh:

an ghruaig: Tá gruaig fhada dhonn orm.

an obair: Tá obair chrua le déanamh agam.

an tseachtain: Bhí seachtain dheas againn sa Spáinn.

Is maith liom an t-amhrán.

D'ól mé an t-uisce.

D'ith mé an t-oráiste.

Ar ith tú an t-úll?

Tá an t-urlár fliuch.

Chonaic mé an t-eitleán.

An t-earrach, an samhradh, an fómhar, an geimhreadh.

Ainmfhocail
Choitianta
Fhirinscneacha
agus
Bhaininscneacha.

Gluais na Gramadaí: Eiseamláirí de Struchtúir Ghaeilge do na Bunranganna

Ainmfhocail Bhaininscneacha

Nótaí don Mhúinteoir

Tá an **f**huinneog oscailte.

Chuaigh mé ansin an **bh**liain seo caite.

Tá an **b**hean sin an-chineálta.

Seinnim an **f**headóg.

Tá an **m**haidin go hálainn.

Tá an **bh**áisteach ag titim go trom.

Is maith liom an **bh**ábóg.

D'ith mé an **t**seacláid.

Bhí mé sa **ph**áirc an
tseachtain seo caite.

Chonaic mé Seán sa **t**sráid.

Ainmfhocail Choitianta Bhaininscneacha leis an aidiacht

Eiseamláirí Teanga

Tá gruaig **dhonn/dhubh** air/uirthi.

Tá srón **mhór dhearg** ar Rudolf.

Tá féasóg **fhada bhán** ar Dhaidí na Nollag.

Tá obair **bhaile** le déanamh againn.

Tá cathaoir **bheag** ansin.

Tá liathróid **mhór/bheag** agam.

Céimeanna
Comparáide na
hAidiachta

Gluais na Gramadaí: Eiseamláirí de Struchtúir Ghaeilge do na Bunranganna

2. Céimeanna Comparáide na hAidiachta

Nótaí don Mhúinteoir

Athraíonn an aidiacht de ghnáth de réir chéimeanna comparáide na haidiachta, m.sh. *trom*—*níos troime*—*is troime*; *ard*—*níos airde*—*is airde*; *óg*—*níos óige*—*is óige*; agus tá roinnt mhaith aidiachtaí neamhrialta ann, m.sh. *mór*—*níos mó*—*is mó*; *beag*—*níos lú*—*is lú*; *maith*—*níos fearr*—*is fearr*; *olc*—*níos measa*—*is measa*. Ní mór don mhúinteoir cabhrú le foghlaimoirí óga na céimeanna comparáide a thabhairt faoi deara agus a fhoghlaim.

Eiseamláirí Teanga

Tá bosca Sheáin níos mó / níos lú ná bosca Shíle.

Tá an peann luaidhe níos giorra / níos faide ná an sop.

Cé acu is troime / is éadroime?

Bhí an aimsir níos measa / níos fearr inné.

Is mise an duine is óige / is sine sa chlann.

Is mise an duine is fearr ag peil sa rang.

Tá Peadar níos airde / níos ísle ná mé.

D'éirigh mé níos moiche / níos déanaí maidin inniu.

Tá an leabhar níos fearr ná an scannán.

Ceapaim go bhfuil an pictiúr seo níos deise.

Gluais na Gramadaí: Eiseamláirí de Struchtúir Ghaeilge do na Bunranganna

3. An Chopail

Nótaí don Mhúinteoir

Cothaíonn úsáid na copaile dúshlán d'fhoghlaimeoirí óga toisc go bhfuil struchtúr na copaile sa Ghaeilge éagsúil leis an mBéarla.

Úsáidtear **An/Nach** i bhfoirm cheisteach na copaile san aimsir láithreach agus san aimsir fháistineach, agus freagraítear í le **Is/Ní**, m.sh.

An leatsa é? Is/Ní liomsa é.

Nach múinteoir í?

Is/Ní múinteoir í.

Úsáidtear **Ar/Nár** i bhfoirm cheisteach na copaile san aimsir chaite agus san aimsir fháistineach, agus freagraítear é le **Ba/Níor**, m.sh.

Ar mhaith leat uisce? Ba/Níor mhaith liom.

Nár mhaith leat dul amach sa chlós? Ba/Níor mhaith liom.

Eiseamláirí Teanga

Is mise Seán.

An leatsa é? Is/Ní liomsa é.

Is le Seán é.

Ní le Síle é.

An maith leat an t-amhrán? Is/Ní maith liom é.

Ar mhaith leat milseán? Ba/Níor mhaith liom.

Is breá/fuath liom cáis.

An ceoltóir é? Is/Ní ceoltóir é.

Is fear ard é.

Is bean dheas í.

Is cailín cliste í.

Is peileadóir iontach é.

An cluiche maith é? Is/Ní cluiche maith é.

An as Corcaigh tú?

Is as Contae Chiarraí mé.

Is amhrán iontach é.

Is mise an duine is sine / is óige sa chlann.

Is í Bean Uí Dhúghaill mo mhúinteoir.

Gluais na Gramadaí: Eiseamláirí de Struchtúir Ghaeilge do na Bunranganna

4. An Aidiacht Shealbhach

Nótaí don Mhúinteoir

Cuireann an aidiacht shealbhach seilbh in iúl. Bíonn séimhiú ar thúschonsan an ainmfhocail i ndiaidh mo, do agus a (firinscneach), m.sh. mo **bhróg**, do **chóta**, a **gheansaí**.

Ní bhíonn séimhiú ar thúschonsan an ainmfhocail i ndiaidh a (baininscneach), m.sh. a **geansaí**.

Déantar urú ar thúschonsan i ndiaidh ár, bhur agus a (iolra), m.sh. ár **mbróga**, bhur **gcótaí**, a **ngeansaithe**.

Má thosaíonn an t-ainmfhocal ar ghuta úsáidtear m' (in ionad mo), d' (in ionad do), a (firinscneach) gan h, a (baininscneach) + h, ár + n -, bhur a + n -, nó a + n -, m.sh. **m'aintín**, **d'aintín**, **a aintín**, **a haintín**, **ár n-aintín**, **bhur n-aintín**, **a n-aintín**.

Eiseamláirí Teanga

Táim i **mo chónaí** i mBaile Átha Cliath.

Cá bhfuil tú i **do chónaí**?

Tá sé **ina chónaí** i Luimneach.

Tá sí **ina** cónaí i gContae na Gaillimhe.

Táim i **mo shuí** / tá tú i **do shuí** / tá sé **ina shuí** / tá sí **ina** suí ag an mbord.

Táim i **mo sheasamh** / tá tú i **do sheasamh** / tá sé **ina sheasamh** / tá sí **ina** seasamh ag an doras.

Sin é **mo gheansaí**.

Tabhair dom **mo pheann**.

Cá bhfuil **mo bhosca lóin**?

An bhfaca tú **mo mhála**?

Cá bhfuil **mo phictiúr**?

Sin é **a gheansaí** / **a geansaí**.

Sin é **a mhála** / **a mála**.

Seo iad **ár gcótaí**.

Seo iad **ár mbróga**.

Tá **ár mboscaí lóin** ar an mbord.

Gluais na Gramadaí: Eiseamláirí de Struchtúir Ghaeilge do na Bunranganna

5. An Tuiseal Tabharthach

Nótaí don Mhúinteoir

Tá an t-ainmfhocal sa tuiseal tabharthach nuair atá réamhfhocal simplí roimhe mar aon leis an alt, m.sh. **ar an, ag an, leis an, chuig an, thar an, roimh an, faoin, ón.**

Déantar séimhiú de ghnáth i ndiaidh **den, don, sa,** agus **san,** m.sh. den **bhord,** don **bhuachaill,** sa **pháirc.** Bíonn urú ar thúschonsan an ainmfhocail sa tuiseal tabharthach sna cásanna eile, m.sh. **ar an mbord, ag an ngeata, leis an bpeann.** (I gcanúint Uladh bíonn séimhiú ar thúschonsan an ainmfhocail sna cásanna sin, m.sh. **ar an bhord, ag an gheata, leis an pheann.**)

Ní bhíonn urú ar thúschonsan an ainmfhocail nuair a thagann d, n, t, l nó s i ndiaidh a chéile, m.sh. ar an doras, leis an dochtúir, thar an droichead. (I gcanúint na Mumhan bíonn urú ar na focail sin de ghnáth, m.sh. **ag an ndoras, ar an dtraein.**)

Eiseamláirí Teanga

Tá an cóipleabhar ar an **mbord.**

Tá mo mháthair ag an **ngeata.**

Bhuail mé leis an **mbuachaill** inné.

Thit an peann faoin **gcófra / faoin gcathaoir.**

Chuaigh mé chuig an **gcluiche.**

Rith Cinnín Óir tríd an **gcoill.**

Léim sé thar an **mballa.**

Chuaigh na trí ghabhar thar an droichead.

Rith na trí mhuc bheaga as an teach.

Bhí siad sa **chistin** ag ithe a mbricfeasta.

Thug mé nóta don **mhúinteoir.**

Thit an t-úll den **chrann.**

Rinne mé m'obair bhaile roimh an **gcluiche.**

Gluais na Gramadaí: Eiseamláirí de Struchtúir Ghaeilge do na Bunranganna

6. Na Forainmneacha Réamhfhoclacha

Nótaí don Mhúinteoir

Is cumasc é an forainm réamhfhoclach de réamhfhocal agus forainm; mar shampla:

ar + *mé* = *orm*

chuig + *sé* = *chuige*

do + *tú* = *duit*

Seo a leanas na forainmneacha

réamhfhoclacha is coitianta:

ar: **orm, ort, air, uirthi, orainn, oraibh, orthu**

ag: **agam, agat, aige, aici, againn, agaibh, acu**

faoi: **fúm, fút, faoi, fúithi, fúinn, fúibh, fúthu**

i: **ionam, ionat, ann, inti, ionainn, ionaibh, iontu**

le: **liom, leat, leis, léi, linn, libh, leo**

do: **dom, duit, dó, di, dúinn, daoibh, dóibh**

de: **díom, díot, de, di, dínn, díbh, díobh**

as: **asam, asat, as, aisti, asainn, asaibh, astu**

chuig: **chugam, chugat, chuige, chuici, chugainn, chugaibh, chucu**

roimh: **romham, romhat, roimhe, roimpi, romhainn, romhaibh, rompu**

as: **asam, asat, as, aisti, asainn, asaibh, astu**

chuig: **chugam, chugat, chuige, chuici, chugainn, chugaibh, chucu**

roimh: **romham, romhat, roimhe, roimpi, romhainn, romhaibh, rompu**

thar: **tharam, tharat, thairis, thairisti, tharainn, tharaibh, tharstu**

trí: **tríom, tríot, tríd, tríthi, trín, tríbh, tríothu**

idir: — **eadrainn, eadraibh, eatarthu**

ó: **uaim, uait, uaidh, uaithi, uainn, uaibh, uathu**

um: **umam, umat, uime, uimpi, umainn, umaibh, umpu**

Eiseamláirí Teanga

Níl aon pheann **agam**.

Tá tinneas cinn **orm**.

Tá tart **uirthi**.

Tá gruaig fhionn **air**.

Bhí fuadar **fúthu**.

Bhuail mé **leis** inné.

Rinne sí gar **dom**.

Bhíomar ag caint **eadrainn**.

Táim buíoch **díot**.

Bhí ceist aige **orm**.

Tá suim agam **iontu**.

Gluais na Gramadaí: Eiseamláirí de Struchtúir Ghaeilge do na Bunranganna

7. An tAinm Briathartha

Nótaí don Mhúinteoir

Cumtar an t-ainm briathartha ó fhréamh an bhriathair, m.sh. *glan-ag glanadh*.

Leanann an tuiseal ginideach an t-ainm briathartha de ghnáth, m.sh. *teach-ag ceannach an tí*. Nuair nach dtagann an t-alt roimh an ainmfhocal agus nuair a leanann aidiacht é, ní úsáidtear an tuiseal ginideach, m.sh. *ag ceannach teach mór*.

Is iad seo a leanas na críocha is minice a chuirtear leis na briathra:

–**adh**: m.sh. *glan—glanadh*

–**eadh**: m.sh. *bris—briseadh*

–**(e)áil**: m.sh. *clois—cloisteáil*

–**t**: m.sh. *bagair—bagairt*

–**(a)int**: m.sh. *féach—féachaint*

–**(e)amh**: m.sh. *caith—caitheamh*

–**(e)an**: m.sh. *leag—leagan*

–**(i)úint**: m.sh. *oil—oilúint*

Tá foirmeacha neamhrialta ann freisin, m.sh. *abair—rá; tar—teacht; téigh—dul*.

Eiseamláirí Teanga

An féidir libh é sin a **chóipeáil**?

An féidir leat mo bhosca lóin a **oscailt**?

Ba mhaith liom an fhuinneog a **dhúnadh**.

Ní féidir liom tú a **chloisteáil**.

An féidir linn é sin a **dhéanamh** tar éis an lóin?

Ar mhaith leat **dul** amach?

Gluais na Gramadaí: Eiseamláirí de Struchtúir Ghaeilge do na Bunranganna

8. Na Bunuimhreacha agus na hUimhreacha Pearsanta

Nótaí don Mhúinteoir

Na Bunuimhreacha

Bunuimhir a ghlaitear ar an uimhir a chuirtear go díreach roimh ainmfhocal chun líon rudaí a léiriú, m.sh. *aon bhord amháin*. Úsáidtear uimhir uatha an ainmfhocail de ghnáth, m.sh. *dhá chathaoir, trí chupán*.

Séimhítear na consain *b, c, f, g, m* agus *p* tar éis **aon**. Séimhítear na consain i ndiaidh na n-uimhreacha **2 go dtí 6**, agus uraítear consain agus gutaí i ndiaidh na n-uimhreacha **7 go dtí 10**, m.sh. cúig *charr*, seacht *gcarr*.

Dhá agus **ceithre** a úsáidtear (in ionad *dó* agus *ceathair*) agus rudaí á gcomhaireamh, m.sh. *dhá pheann, ceithre pheann*. Ní athraítear an t-ainmfhocal i ndiaidh uimhir is féidir a roinnt ar a deich, m.sh. *fiche bosca, céad teach*.

Na hUimhreacha Pearsanta

Úsáidtear na foirmeacha seo a leanas chun daoine a chomhaireamh: *duine (amháin), beirt, triúr, ceathrar, cúigear, seisear, seachtar, ochtar, naonúr, deichniúr*.

Is í foirm an ghinidigh iolra den ainmfhocal a úsáidtear i ndiaidh na n-uimhreacha pearsanta **beirt** go dtí **deichniúr**, m.sh. *cúigear ban, ceathrar múinteoirí*. Séimhítear consain a leanann **beirt**, m.sh. *beirt ghardaí*, ach amháin nach séimhítear *d, s* nó *t*, m.sh. *beirt deirfiúracha*.

Eiseamláirí Teanga

Na Bunuimhreacha

Aon *chóta amháin*, dhá *chóta*, trí *chóta*, ceithre *chóta*, cúig *chóta*, sé *chóta*, seacht *gcóta*, ocht *gcóta*, naoi *gcóta*, deich *gcóta*.

Na hUimhreacha Pearsanta

Páiste amháin, beirt pháistí, triúr páistí, ceathrar páistí, cúigear páistí, seisear páistí, seachtar páistí, ochtar páistí, naonúr páistí, deichniúr páistí.

Gluais na Gramadaí: Eiseamláirí de Struchtúir Ghaeilge do na Bunranganna

9. An Chlaoninsint

Nótaí don Mhúinteoir

Nuair is mian le duine athinsint a dhéanamh ar chaint, is féidir tosú le ceann de na briathra réamhrá, m.sh. *abair, fiafraigh, iarr, ordaigh*. Ní mór athruithe a dhéanamh ar na focail atá le hathinsint chomh maith.

Braitheann an briathar réamhrá atá le húsáid ar an sórt cainte atá le hathinsint, m.sh.

Ráiteas: *Dúirt Seán nach raibh aon obair bhaile le déanamh aige aréir.*

Ceist: *D'fhiafraigh sé díom cá raibh mo mhála scoile.*

Iarratas: *D'iarr Síle orm cabhrú léi.*

Guí: *Chuir sí slán leis.*

Eiseamláirí Teanga

Dúirt sé le Seán an solas a lasadh.

Dúirt mo mháthair gan iad a bhriseadh ar scoil.

Mhínigh Síle nach raibh sí ar fónamh.

Chuir sí slán leis.

Deir Seán go bhfuil sé tinn.

Fiafraigh sé de an bhfuil Tomás tinn.

Dúirt sé nach ndearna sé é.

D'iarr an múinteoir orm an leabhar a oscailt.

Gluais na Gramadaí: Eiseamláirí de Struchtúir Ghaeilge do na Bunranganna

10. Samplaí Coitianta den Tuiséal Ginideach

Nótaí don Mhúinteoir

Bíonn ainmfhocal sa tuiséal ginideach nuair a thagann focail ar leith díreach roimhe, nó roimh an alt a bhíonn in éineacht leis. I measc na bhfocal seo tá:

- Ainmfhocal eile, m.sh. *leabhar Sheáin*
- Réamhfhocal comhshuite, m.sh. *i rith na seachtaine*
- Réamhfhocail ar leith, m.sh. *timpeall an tseomra, trasna na páirce, dála an scéil, ar feadh míosa, go ceann coicíse*
- Ainm briathartha, m.sh. *ag glanadh an tí*
- Focal a chuireann cainníocht in iúl, m.sh. *níos mó eolais, a lán airgid.*

Eiseamláirí Teanga

Beidh saoire againn *i gceann míosa.*

Fágadh *mála Shile* ar an mbus.

Tá *a lán airgid* againn anois.

Tá an liathróid *i lár an bhóthair.*

Tá *am lóin* tagtha.

Tá Nóra *ag canadh an amhráin* sin arís.

Bhí mo mháthair *ag moladh mhúinteoirí* na scoile.

Bhí *tinneas fiacaile* Sheáin go dona aréir.

Gluais na Gramadaí: Eiseamláirí de Struchtúir Ghaeilge do na Bunranganna

Tagairtí

Acmhainní ar líne

An Caighdeán Oifigiúil. Ar fáil ar líne ag: <http://www.oireachtas.ie/parliament/media/Final-Version.pdf>

Foclóir Gaeilge–Béarla. Ar fáil ar líne ag: <http://www.focloir.ie/ga/>

Leabharlann Teanga agus Foclóireachta. Ar fáil ar líne ag: <http://www.teanglann.ie/ga/>

Tearma.ie, bunachar náisiúnta téarmaíochta don Ghaeilge. Ar fáil ar líne ag: <http://www.tearma.ie/Home.aspx>

An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha

TORTHAÍ FOGHLAMA

Forbraíonn leanaí coincheapa, meonta agus scileanna maidir le:

- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird (Teanga ó Bhéal, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht)
- Seicheamhú agus achoimriú (Léitheoireacht)
- Rannpháirtíocht (Scríbhneoireacht)

Tugtar sainmhíniú ar an bhfoghlaim chomhtháite ábhar agus teangacha (FCÁT) mar 'chur chuige oideachasúil, défhócasaithe ina n-úsáidtear teanga eile chun inneachar agus teanga ar aon a fhoghlaim agus a mhúineadh' (Coyle, Hood agus March, 2010, lch. 1). Is é atá i bhFoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) ná ábhar nach teanga é a mhúineadh trí mheán an dara teanga nó teanga ina dhiaidh sin – mar shampla, Mata a mhúineadh trí Ghaeilge nó Corpoideachas trí Fhraincis. Tugann FCÁT blaiseadh níos fearr den sprioctheanga do dhaltáí gan an curaclam a ró-ualú. Léirítear an méid

seo sa taighde: “Bíonn foghlaim teanga níos éifeachtaí nuair a mheashtar í le foghlaim in ábhar eile seachas an teanga atá á foghlaim.” Tá úsáid fhorleathan bainte as FCÁT ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin chun cur le teagasc foirmiúil teangacha agus chun deiseanna éifeachtacha a thabhairt do dhaltáí chun a scileanna teanga nua a chleachtadh taobh amuigh den seomra ranga teanga. Tá an treoir seo dírithe ar ghnéithe d’ábhar curaclaim a mhúineadh trí mheán na Gaeilge i scoileanna ina múintear trí mheán an Bhéarla go hiondúil. Aithnítear san Eoraip agus go hidirnáisiúnta go mbíonn torthaí maithe ar FCÁT mar chur chuige i leith na foghlama teanga. Éiríonn go maith le FCÁT i mbunscoileanna Éireannacha go háirithe toisc go múineann gach múinteoir bunscoile an Ghaeilge.

Léiríonn fianaise thaighde gur éifeachtaí a bhíonn an fhoghlaim teanga nuair a thugtar fúithi i gcomhar le hinneachar a fhoghlaim in ábhar eile seachas an teanga atá á foghlaim. Tá sé cruthaithe go gcuireann FCÁT le hoilteacht teanga na

ndaltaí, gan dochar a dhéanamh dá gcéad teanga, ná don chaoi a n-éiríonn leo leis an réimse ábhair atá á mhúineadh. Cuireann FCÁT ar chumas foghlaimeoirí teacht i dteagmháil leis an teanga i gcomhthéacs agus úsáid a bhaint aisti le haghaidh fíorchumarsáide.

Tagraíonn FCÁT d’ábhair nó codanna d’ábhair a bheith á mhúineadh trí theanga iasachta le dhá aidhm, is iad sin ábhar a fhoghlaim agus teanga iasachta a fhoghlaim ag an am céanna. Is í an teanga an bealach foghlama i gcás FCÁT.

Tá i gceist le FCÁT ábhar curaclaim eile, nó gnéithe d’ábhar eile, a mhúineadh trí dhara teanga, nach í teanga dhúchais an fhoghlaimeora í. Tá aibhsithe sa treoir chleachtais seo nithe tábhachtacha is gá a choinneáil i gcuimhne agus FCÁT á chur i bhfeidhm sa chás go múintear ábhar trí mheán na Gaeilge i scoileanna inarb é an Béarla an teanga teagaisc.

An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha



Nithe tábhachtacha maidir le glacadh le FCÁT mar chur chuige

Don leanbh

Ní mór cumarsáid a dhéanamh i dteanga chun í a shealbhú. Is dá bhrí sin go gcaithfidh leanaí atá ag foghlaim trí FCÁT deiseanna rialta a bheith acu cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Cé go n-úsáidfidh leanaí a dteanga dhúchais ar dtús, tosóidh siad ag úsáid na sprioctheanga de réir a chéile le himeacht ama, de réir mar a éireoidh siad níos muiníní agus níos cumasaí sa teanga. Is tábhachtach an rud é (mar an gcéanna le haon teanga a fhoghlaim) nach ndéantar na leanaí a cheartú arís is arís eile, rud ar féidir leis meon diúltach a chothú i leith na teanga.

Tá an Idirtheanga (nuair a úsáideann an leanbh idir an Béarla agus an Ghaeilge san abairt chéanna) go hiomlán inghlactha agus is é fírinne an scéil nach ndéanann sí aon dochar d'fhoghlaim na sprioctheanga, ach cabhraíonn leis na leanaí struchtúir agus focail teanga a thuiscint agus a úsáid. Glactar leis go ndéanann leanaí fíoriarracht struchtúir agus focail na sprioctheanga a úsáid.

Don mhúinteoir

Ó thaobh an mhúinteora de, seans nach bhfuil taithí aige/aici ar ábhar eile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge. Tá dúshlán áirithe ag baint leis sin. Sa chomhthéacs seo, b'fhéidir go n-éireoidh an múinteoir mífhoighneach nuair nach mbeidh sé/sí in ann é/í féin a chur in iúl mar a chuirfeadh ina t(h)eanga dhúchais. Bíodh sin mar atá, is féidir leis an múinteoir glacadh leis go bhfuil sé/sí féin ag foghlaim chomh maith agus focal nó dhó Béarla a úsáid ina c(h)uid cainte ar dtús. Seans nach mbeidh sé/sí in ann an ceacht iomlán a mhúineadh trí mheán na Gaeilge ach an oiread, rud atá inghlactha freisin. Is féidir leis an múinteoir idir an Ghaeilge agus an Béarla a úsáid ar bhonn céimnithe go dtí go mbeidh leibhéal áirithe bainte amach aige/aici agus go mbeidh sé/sí ar a c(h)ompord an chuid is mó den cheacht a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.

An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha

Ábhar a roghnú atá oiriúnach do FCÁT

Agus ábhar á roghnú atá oiriúnach do FCÁT, seans go mbeidh na pointí seo a leanas cabhrach.

- Ní foláir do mhúinteoirí machnamh ar na hábhair a bheidís féin ar a gcompord a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.
- Is féidir le múinteoirí machnamh ar ábhair a mbíonn deiseanna cumarsáide ag gabháil leo. Seans go mbeadh i gceist leis sin leanaí ag comhrá go nádúrtha lena chéile, fadhb a réiteach le chéile, brí a chur in iúl nó pointe a dhéanamh le leanbh eile, gan gá don mhúinteoir socrú foghlama teanga ar leith a chur ar bun.
- Seans go mbeidh ar mhúinteoirí machnamh ar an gcaoi a ndéanfaidh na leanaí cumarsáid tríd an teanga, ní hamháin sa teanga. Cé go bhfoghlaimoidh na leanaí téarmeolaíocht i nGaeilge a bhaineann le hábhair ar leith, foghlaimoidh siad cén chaoi cumarsáid a dhéanamh agus feidhmiú i nGaeilge san ábhar sin chomh maith.
- Le glacadh le cur chuige sa scoil uile i leith FCÁT, caithfear ábhar oiriúnach a roghnú le múineadh trí mheán na Gaeilge. Caithfidh na múinteoirí plé a dhéanamh ar cé chomh toilteanach is atá siad páirt a ghlacadh sa chur chuige, leis. I measc na nithe eile is gá a chur faoi chaibidil i ndáil lena leithéid de chur chuige tá teanga agus tógáil coincheap san ábhar roghnaithe ar gach leibhéal ranga.



An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha



FCÁT a thabhairt isteach: nithe tábhachtacha le tabhairt faoi deara

Ní mór breathnú ar an bhfoghlaim teanga in FCÁT trí thagairt don dá chineál friotail atá léirithe thíos. Tá tábhacht nach beag ag baint leis an dea-phleanáil i gcás an dá chineál friotail le go n-éireoidh le daingniú na foghlama teanga.

1. Friotal atá riachtanach don ábhar: Is éard atá i gceist leis seo ná an friotal atá riachtanach i dtaca leis na topaicí atá sna ceachtanna, m.sh., le saolré an fhroga a mhúineadh, bheadh ar an múinteoir focail a bhaineann go sonrach leis an topaic áirithe sin a mhúineadh, amhail ubh, torbán, froga, srl.
2. Friotal atá comhoiriúnach leis an ábhar: Is éard atá i gceist leis seo ná an friotal níos ginearálta a theastaíonn ó fhoghlaimoirí agus iad ag foghlaim faoi thopaic. Seans go mbeadh a leithéid de fhriotal ábhartha agus iad ag foghlaim faoi thopaic eile nó b'fhéidir go mbeadh sé ar eolas acu cheana féin, m.sh., i gcás shaolré an fhroga, seans go n-úsáidfí friotal ar nós 'ansin', 'tar éis tamail', agus 'faoi dheireadh'.

Is fiú roinnt prionsabal a bhaineann le múineadh an cheachta a thabhairt faoi deara.

- (i) Ar dtús, d'fhéadfadh na múinteoirí glacadh le ceistanna ó dhaltaí i mBéarla ach freagra a thabhairt orthu i nGaeilge shimplí.
- (ii) San fhadtéarma, d'fhéadfadh múinteoirí ceistanna a chuir daltaí i mBéarla a rá ar bhealach eile i nGaeilge.
- (iii) Ba chóir plé i mBéarla idir daltaí a cheadú ar dtús chomh maith, ach ba chóir na daltaí a spreagadh chun Gaeilge a úsáid de réir a chéile.
- (iv) Tá an ghrúpobair agus an obair i mbeirteanna ríthábhachtach i dtaobh cumarsáid a spreagadh agus a éascú trí mheán na teanga.
- (v) Ba chóir na focail agus na struchtúir theanga nua atá ag teastáil i dtaca leis an rang inneachair a mhúineadh agus a threisiú sa rang teanga. Níor chóir go mbeadh na leanaí ag teacht i dteagmháil leis an sprioctheanga den chéad uair sa rang inneachair. Cuirfear leis an bhfoghlaim teanga i ngach uile rang má dhéantar dea-phleanáil roimh ré.
- (vi) B'fhéidir go gcaithfear an fhaisnéis atá le múineadh a shimpliú sa sprioctheanga agus a léiriú ar bhealach a n-éascaíonn do na foghlaimoirí í a thuiscint. Tá cairteacha, léaráidí, líníochtaí, turgnaimh theagmhálacha, mar aon le coincheapa agus téarmaolaíocht thábhachtach a tharraingt, ar na straitéisí FCÁT is minice úsáid (Mehisto et al., 2008: 11).

An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha

- (vii) Tá an scafallfhoghlaim an-tábhachtach ar fad in FCÁT, agus ba chóir aird a thabhairt ar riachtanais éagsúla na leanaí le hidirdhealú a dhéanamh eatarthu.

Amharc-eagraithe


Is féidir leas a bhaint as amharc-eagraithe le faisnéis a chur i láthair d'fhoghlaimoirí, atá ag foghlaim an dara teanga, ar bhealach a chuireann lena gcuid scileanna tuisceana teanga. Is féidir iad a úsáid i ranganna inneachair ar roinnt bealaí éagsúla, mar atá le feiceáil sna samplaí faoi iamh. Is féidir leo an t-ord ina dtiteann imeachtaí amach i scéal a léiriú, faisnéis a rangú, cosúlachtaí agus éagsúlachtaí a léiriú, srl. Is féidir iad a úsáid ag pointí difriúla le linn ceachta le hathchuidimhne a éascú, le naisc a chruthú agus le hachóimre a dhéanamh ar fhaisnéis. Is féidir le hamharc-eagraithe a bheith ina scafall d'fhoghlaimoirí de réir mar a fhorbraíonn siad a gcuid scileanna sa dara teanga. Is iomaí amharc-eagraí atá le fáil ach cuardach lena n-aghaidh ar an Idirlíon.

Amharc-eagraithe le húsáid i gceachtanna

1. Is féidir amlíne a úsáid le himeachtaí i scéal a leagan amach in ord croineolaíoch.




2. Is féidir barrachairt a úsáid le cainníocht nó minicíocht a léiriú




3. Is úsáideach an rud é an tábla le faisnéis a rangú.

Ainm	Aois	Rang
Séan	11	Rang a Cúig
Máire	8	Rang a Dó

4. Is féidir scéalchlár a úsáid le himeachtaí éagsúla a phleanáil i scéal. Is féidir bolgáin chainte a úsáid le caint a chur in iúl nó bolgáin smaoinimh a úsáid le smaointe a léiriú.




5. Is féidir timthriall a úsáid le himeachtaí a tharlaíonn arís is arís eile a léiriú ar bhealach léaráideach, m.sh., saolré ainmí. D'fhéadfaí cur lena leithéid de léaráid ach íomhánna lipéadaithe a chur léi.




Amharc-eagraithe le húsáid i gceachtanna

6. Léiríonn ceathrú an nasc atá ann idir athróa difriúla.



8. Is féidir le cruth réalta ina bhfuil ceisteanna ar nós Cé? Cén fáth? Céard? Cathain? Cén áit? cabhrú le leanaí cuimhneamh siar ar ar tharla i scéal nó le scéal dá gcuid féin a chumadh.



7. Is féidir T-chairteacha a úsáid le dhá athróg chontrártha a thaispeáint, amhail buntáistí agus míbhuntáistí nó argóintí ar son an rúin agus ina choinne i gcás díospóireachta.

Is maith liom	Ní maith liom
---------------	---------------

An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha

Tagairtí

Cenoz, J., Genesee, F., agus Gorter, D. (2014). Critical Analysis of CLIL: Taking Stock and Looking Forward. *Applied Linguistics*, 35(3), 243-262.

Coyle, D. (2013). Listening to learners: an investigation into 'successful learning' across CLIL contexts. *International journal of bilingual education and bilingualism*, 16(3), 244-266.

Coyle, D., Hood, P., agus Marsh, D. (2010). *CLIL: Content and language integrated learning*. Cambridge: Cambridge University Press.

de Zarobe, Y. R. (2013). CLIL implementation: from policy-makers to individual initiatives. *International journal of bilingual education and bilingualism*, 16(3), 231-243.

Harris, J., agus Mac Giollabhuí, S. (1998c). *Lean den ealaín! Ealaín trí Ghaeilge do na gnáthscoileanna: Lámhleabhar an mhúinteora*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Harris, J., agus Ó Duibhir, P. (2011). *Múineadh Éifeachtach Teangacha: Sintéis ar thaighde*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Jiménez Catalán, R. M., agus de Zarobe, Y. R. (2009). The receptive vocabulary of EFL learners in two instructional contexts: CLIL versus non-CLIL instruction. In Y. R. de Zarobe agus R. M. Jiménez Catalán (Eag.), *Content and language integrated learning: Evidence from research in Europe* (Igh. 81-92). Briostó: Multilingual Matters.

Lyster, R. (2007). *Learning and teaching languages through content: A counterbalanced approach* (Imleabhar 28). Amstardam: John Benjamins.

Ting, Y.-L. T. (2010). CLIL appeals to how the brain likes its information: Examples from CLIL-(neuro)science. *International CLIL Research Journal*, 1(3), 3-18.

Costa, F., & D'Angelo, L. (2011). *CLIL: A suit for all seasons?* *Latin American Journal of Content & Language Integrated Learning*, 4(1), 1-13. doi:10.5294/laclil.2011.4.1.1 ISSN 2011-6721.

Ní Dhiorbháin & Ní Bhaoill 2018. *Student teacher experience of Content and Language Integrated Learning*. <https://comhartaighde.ie/eagrain/4/nidhiorbhain-nibhaoill/en/>.

Múineadh le Scileanna a Aistriú idir Teangacha

TORTHAÍ FOGHLAMA

Forbraíonn leanaí coincheapa, meonta agus scileanna maidir le:

- Léitheoireacht/Scríbhneoireacht: Gnásanna Cló
- Léitheoireacht: Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach
- Léitheoireacht: Tuiscint

Múineadh le scileanna a aistriú

Is dlúthchuid de theangacha go mbíonn siad idirnasctha. Foghlaimíonn leanaí dara teanga ar an gcaoi chéanna a bhfoghlaímíonn siad a gcéad teanga a bheag nó a mhór .i. trí idirghníomhú le daoine eile chun a gcuid riachtanas a chur in iúl. Bíonn teanga amháin ar a laghad ag an gcuid is mó de leanaí nuair a thosaíonn siad amach ar scoil. Imríonn an cumas sin i dteanga amháin tionchar ar an gcaoi a bhfoghlaimeoidh siad teangacha eile. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh roinnt gnéithe den chéad teanga, amhail fuaimniú agus comhréir, isteach ar an gcaoi

a labhróidh an leanbh an dara teanga. Is féidir gnéithe eile, amhail cosúlachtaí ó thaobh na haibítire agus na bhfuaimneanna litreacha de, a aistriú ó theanga amháin chuig an teanga eile agus cabhrú leis an leanbh ar an gcaoi sin an dara teanga a fhoghlaim. Is í aidhm na treorach seo cúnamh a thabhairt do mhúinteoirí an t-aistriú sin ó theanga amháin go teanga eile a éascú.

Ó thaobh na múinteoireachta agus na foghlama de, is féidir do mhúinteoirí úsáid níos fearr a bhaint as am ranga má tharraingíonn siad aird na leanaí ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá ann idir na teangacha atá á bhfoghlaím acu agus má thugann siad deiseanna dóibh machnamh a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí sin. Déanann roinnt mhaith leanaí é sin ar bhealach nádúrtha, neamhfhoirmiúil. Cabhraíonn an próiseas sin le leanaí an dara teanga a fhoghlaim ar bhealach níos éifeachtúla agus le tuiscint níos fearr a fháil ar struchtúr a gcéad teanga chomh maith. Beidh próiseas foghlama an Bhéarla

Beidh próiseas foghlama an Bhéarla (nó na Gaeilge) mar dhara teanga níos éifeachtúla má chuireann múinteoirí roinnt ama teagaisc i leataobh don mhúineadh le scileanna a aistriú idir teangacha.

(nó na Gaeilge) mar dhara teanga níos éifeachtúla má chuireann múinteoirí roinnt ama teagaisc i leataobh don mhúineadh le scileanna a aistriú idir teangacha ar an gcaoi sin in ionad plé a dhéanamh le gach teanga gan tagairt dá chéile. Is iomaí cosúlacht atá ann idir an Béarla agus an Ghaeilge ó thaobh litreacha agus fóinéimí de, rudaí nach gá a fhoghlaim ach uair amháin don dá theanga. Nuair a leagtar béim fhollasach ar an gceangal atá idir teangacha, cuirtear ar chumas leanaí naisc a dhéanamh idir teangacha agus feasacht a fhorbairt ar an gcaoi a n-oibríonn siad.

Múineadh le Scileanna a Aistriú idir Teangacha



Torthaí Foghlama agus sainathint a dhéanamh ar scileanna inaistrithe

Míníonn torthaí foghlama ar chóir do leanaí a bheith ar eolas acu agus a bheith in ann a dhéanamh mar thoradh ar an bpróiseas múinte agus foghlama. Tá torthaí foghlama leagtha amach maidir leis an teanga ó bhéal, an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht i gcomhair scoileanna ina múintear trí mheán an Bhéarla (English Language 1 agus Gaeilge Teanga 2) agus i gcomhair scoileanna lán-Ghaeilge (Gaeilge Teanga 1 agus English Language 2).

Nascann na torthaí foghlama i ndáil le dara teanga na scoile (T2) go soiléir, nuair is iomchuí, leis na torthaí foghlama i ndáil le céad teanga na scoile (T1). Nuair a aistrítear scileanna ó T1 chuig T2, seasann an tsiombail § do na torthaí foghlama.

Tacaíonn an t-aistriú scileanna ó theanga amháin go teanga eile leis an leanbh an dá theanga a fhoghlaim. Is féidir le múinteoirí an t-aistriú seo a éascú agus deiseanna a chur ar fáil do leanaí naisc shoiléire a dhéanamh idir na teangacha.

Is féidir scileanna agus coincheapa atá sealbhaithe sa chéad teanga (T1) a chur chun sochair fhoghlaim an linbh i ndara teanga (T2). Má dhéantar aistriú na scileanna sin a phleanáil i réimsí **na teanga ó bhéal, na léitheoireachta** agus **na scríbhneoireachta**, cabhraítear le leanaí tuiscint níos fearr a fháil

ar theangacha agus ar an gcaoi a n-oibríonn siad.

Pleanáil le scileanna a aistriú idir teangacha

Cabhraítear le múinteoirí sainathint a dhéanamh ar **na scileanna, na gnéithe teanga** agus **na comhthéacsanna** is féidir a nascadh idir na teangacha ach na cosúlachtaí idir na torthaí foghlama i ndáil leis an mBéarla agus an Ghaeilge a chur faoi chaibidil. Bíodh sin mar atá, is tábhachtach an rud é machnamh ar **leibhéal eolais agus scileanna na leanaí ina gcéad teanga** de bharr go n-imreoidh sé sin tionchar ar a leibhéal eolais agus scileanna i ndara teanga.

Tá aibhsithe sna rannáin thíos roinnt de **na coincheapa agus na scileanna** coitianta a fhéadtar a aistriú ó theanga amháin go teanga eile.

Múineadh le Scileanna a Aistriú idir Teangacha

Léitheoireacht

- Feasacht agus tuiscint ar **ghnásanna an chló**, lena n-áirítear go léitear rudaí ó chlé go deas agus cén chaoi le sainaithint a dhéanamh ar theideal agus údar téacs.
- **Feasacht fóineolaíochta**, lena n-áirítear an cumas chun focail laistigh d'abairtí, siollaí laistigh d'fhocail, focail a bhfuil rím iontu agus focail a bhfuil an túsphuaim chéanna acu a aithint, a chloisteáil agus a dhéanamh amach.
- Na scileanna a bhaineann le **focail a aithint** agus **díchódú**.
- Úsáid straitéisí tuisceana le hidirghníomhú le téacs agus le brí a bhaint as.
- Eolas ar **réimse focal** agus an réimse sin a fhorbairt.

Scríbhneoireacht

- Tuiscint go n-úsáidtear an **scríbhneoireacht le cumarsáid a dhéanamh** leis an léitheoir.
- Páirt a ghlacadh sa **phróiseas scríbhneoireachta**, lena n-áirítear topaic a roghnú, a phleanáil, a dhréachtú, a chur in eagar agus an saothar a chur i láthair/a chomhroinnt.
- Cur le **stór focal** agus liostaí focal a chruthú i ngníomhaíochtaí scríbhneoireachta.
- Úsáid **straitéisí litrithe** agus patrúin fuaimne le cabhrú le focail a litriú.



Tacaíonn an curaclam teanga le múinteoirí meas a léiriú ar eispéireas teanga na leanaí uile. Tuigtear nuair a fhorbraíonn leanaí scileanna i dteanga áirithe nach bhfuil siad ag foghlaim scileanna na teanga áirithe sin amháin. Tá siad ag forbairt bonn eolais freisin a chuirfidh ar a gcumas scileanna teanga agus straitéisí foghlama a aistriú chuig teangacha eile.

Múineadh le Scileanna a Aistriú idir Teangacha



Cuir chuige sa scoil uile le haistriú scileanna a chur chun cinn

Le tacú le cur chuige sa scoil uile i leith scileanna a aistriú idir teangacha, is féidir le scoileanna na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Úsáid taispeántais agus lipéid ilteangacha sa scoil (i mBéarla agus i nGaeilge).
- Cuir saothar ilteangach atá i mBéarla agus i nGaeilge ar taispeánt, m.sh. rudaí a scríobh na leanaí, físeáin a thairfead siad agus taifeadtaí gutha a rinne siad.
- Tabhair ar na leanaí páirt a ghlacadh i bhfíseán dátheangach faoin scoil a chur le chéile, ina labhraíonn na leanaí idir Bhéarla agus Ghaeilge.
- Úsáid comhchuir chuige, nuair is iomchuí, i leith an dá theanga a mhúineadh.

- Cinntigh go ndéanann na múinteoirí pleanáil le chéile agus iad ag glacadh le tionscnaimh agus gníomhaíochtaí trasteanga agus á bhforbairt.
- Cinntigh go n-úsáidtear an téarmaíocht chéanna fud fad na scoile maidir le coincheapa, téarmaí agus scileanna ionas go dtagann na leanaí i dteagmháil leis an téarmaíocht chéanna arís is arís eile.
- Cinntigh go bhfuil na múinteoirí eolach ar an tsamhail um fhreagracht a scaoileadh de réir a chéile, rud ina dtagann na leanaí i dteagmháil leis na céimeanna múinte múnlaithé, comhroinnte, treoraithe agus neamhspleácha.

DÁLAÍ ÉIFEACHTACHA LE hAGHAIDH AISTRIÚ SCILEANNA

- Cosúlacht idir na dálaí foghlama, tasc agus freagairt, sa dá theanga.
- A chinntiú go dtuigeann na leanaí, nuair is féidir, na naisc agus na cosúlachtaí atá ann idir an dá theanga.
- A ndóthain deiseanna a thabhairt do na leanaí teacht i dteagmháil leis an dara teanga.
- An Ghaeilge a mhúineadh trí mheán na Gaeilge i scoileanna ina múintear trí mheán an Bhéarla go hiondúil.
- Tuiscint ar choincheapa agus scileanna in T1.
- Deis le cleachtadh in T1 roimh T2.

Múineadh le Scileanna a Aistriú idir Teangacha

Gníomhaíochtaí praiticiúla ranga le haistriú scileanna a chur chun cinn

Le naisc thosaigh a dhéanamh idir teangacha, caithfear sainaithint a dhéanamh ar **na torthaí foghlama céanna agus na torthaí foghlama cosúla** atá ag an dá theanga agus gníomhaíochtaí a phleanáil le haistriú scileanna a chur chun cinn. Ní chaithfidh na leanaí páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí ceannann céanna i mBéarla agus i nGaeilge le planáil le scileanna a aistriú idir teangacha. Is tábhachtach an rud é a choinneáil i gcuimhne go mbeidh leibhéil éagsúla bainte amach ag an leanbh ó thaobh luathscileanna cumarsáide, foghlaim teanga agus forbartha de sa dá theanga. Is dá bhrí sin nár chóir duit bheith ag súil go mbeadh na leibhéil chéanna bainte amach ag an leanbh sa chéad teanga agus sa dara teanga. Forbróidh leanaí ar rátaí difriúla, rud atá léirithe sna contanaim dul chun cinn do T1 agus do T2 araon. Agus an méid sin á choinneáil i gcuimhne, déanann múinteoirí planáil le dul chun cinn a dhéanamh ach cinntí a dhéanamh ar an leibhéal áirithe atá bainte amach ag leanaí ina gcuid foghlaim teanga agus planáil a dhéanamh do na chéad chéimeanna eile ina leith sin.

Seo a leanas roinnt samplaí de **ghníomhaíochtaí molta**, ar féidir iad a chur in oiriúint, de réir chumas na leanaí, **idir teangacha** le cur ar chumas na leanaí a gcuid scileanna agus eolais a aistriú óna gcéad teanga chuig an dara teanga.

- Is féidir le múinteoirí béim shonrach a leagan ar **ghnásanna an chló**, sa dá theanga, ach aird na leanaí a tharraingt ar an treoshuíomh clé go deas, an treoshuíomh bun go barr, an treoshuíomh tosach go cúl agus cén chaoi leis an teideal, léaráidí, agus údar téacsanna a dhéanamh amach. Is féidir é sin a dhéanamh le leabhair mhórfhormáide agus leabhair phictiúr i *mBéarla* agus i *nGaeilge araon*. Agus leabhair mhórfhormáide á léamh, is féidir aird a tharraingt ar chosúlachtaí ó thaobh na poncaíochta de – an lánstad, ceannlitreacha, an chamóg, an comhartha ceiste.
- Scil bhéil agus cluas-scil is ea an fheasacht fóineolaíochta. I measc na luathscileanna **feasacht fóineolaíochta** tá an cumas chun focail laistigh d'abairtí, siollaí laistigh d'fhocail, focail a bhfuil rím iontu agus focail a bhfuil an túsphuaim chéanna acu a aithint, a chloisteáil agus a dhéanamh amach. Forbraítear an fheasacht fóineolaíochta nuair a imrítear le focail agus le rímeanna. Is féidir tabhairt faoi gníomhaíochtaí feasacht fóineolaíochta i mBéarla nó i nGaeilge le béim a leagan ar aistriú na scileanna feasacht fóineolaíochta ó Bhéarla go Gaeilge. Ina measc siúd tá na míreanna seo a leanas:

Múineadh le scileanna a aistriú idir teangacha

- *Sainaithint ar fhocail laistigh d'abairtí:* Deir an múinteoir roinnt focal/abairtí gairide. Deir an leanbh gach focal arís agus leagann sé áiritheoir i mbosca de réir mar a deir sé gach focal, m.sh. Tá mé ag rith (leagtar ceithre áiritheoir sa bhosca).
- *Siollaí a dheighilt:* Déan aithris ar dhánta agus rímeanna agus iarr ar na leanaí tapáil ar a nglúin nó bualadh bos a dhéanamh ar gach siolla, m.sh. Lámh, lámh eile, a haon, a dó.
- *Focail a bhfuil rím iontu:* Spreag na leanaí chun sainaithint a dhéanamh ar na focail a bhfuil rím iontu i mBéarla agus i nGaeilge araon ach pictiúir nó fíor-rudaí a úsáid. *I'm thinking of a word that rhymes with 'bat' / Tá mé ag smaoineamh ar fhocal a bhfuil rím aige le 'lán'.*
- *Sainaithint ar thúsghuaimeanna:* Nuair a úsáidtear pictiúir nó fíor-rudaí, déanann leanaí sainaithint ar fhocail a thosaíonn ar réimse túsghuaimeanna. Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge. *Tá mé ag smaoineamh ar fhocal a thosaíonn le 'b'. Cad é?*
- *Déan sainaithint ar litirphatrúin i bhfocail nuair is féidir:* Cuir focail a bhfuil na críocha céanna acu i ngrúpa le chéile, m.sh. _án, _ann/ _eann.



Múineadh le Scileanna a Aistriú idir Teangacha

- Úsáid scéalta móréilimh agus **finscéalta** i dtaca le gníomhaíochtaí litearthachta sa dá theanga, m.sh. *Little Red Riding Hood/Cochailín Dearg*. Tabhair ar na leanaí páirt a ghlacadh i **gníomhaíochtaí cosúla** sa dá theanga, m.sh. tuar, seicheamhú imeachtaí, cur síos ar charachtair, gníomhaíochtaí drámaíochta, ceistiú. Déan comparáid idir na leaganacha Béarla agus Gaeilge den scéal.
- Roghnaigh réimse **topaicí/téamaí** agus pleanáil réimse gníomhaíochtaí sa dá theanga leis an topaic/téama a fhorbairt, m.sh. *an bréagán is ansa liom*. I measc na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh tá cur i láthair anghairid ó bhéal, stór focal agus liosta focal a fhorbairt agus gníomhaíochtaí scríofa a dhéanamh sa dá theanga.
- Múin na **seánraí scríofa** céanna go sonrach i mBéarla agus i nGaeilge. Is de bharr go bhfuil **structúr** agus **gnéithe teanga** ag baint le gach aon seánra gurb ionann na seánraí sin i ngach teanga, rud a fhágann gur féidir **an creat** a bhaineann leis an seánra a mhúineadh agus a fhorbairt sa dá theanga. Déanfar gnéithe gach seánra a fhorbairt i gcéad teanga na scoile ar an gcéad dul síos. Ní chuirfear tús leis an obair i ndara teanga na scoile go dtí go mbeidh leibhéal áirithe cumais bainte amach. D'fhéadfaid sé go mbeadh an obair in T2 dírithe ar chomhsheisiúin scríbhneoireachta mhúnlaithé ar dtús, inar féidir le múinteoirí leanúint le réimse seánraí a chur ar a súile do na leanaí i mBéarla agus i nGaeilge araon. Éiríonn na leanaí eolach ar na creata sin trí chomhsheisiúin scríbhneoireachta mhúnlaithé, threoraithe. De réir mar a fhorbraíonn na leanaí a gcuid foghlama sa dara teanga, is féidir le múinteoirí iad a spreagadh chun dul i ngleic le réimse níos leithne seánraí. D'fhéadfaid sé go mbeadh na píosaí scríbhneoireachta de chuid na leanaí in T2 anghairid ar fad.
- Spreag na leanaí chun a bheith páirteach i **gCur Chuige an Eispéiris Teanga**, rud a bhfuil i gceist leis na leanaí abairtí éagsúla a chumadh le scéal a insint, agus an múinteoir an scéal sin a bhreacadh síos. Is féidir é sin a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge agus is féidir an scéal a úsáid mar ábhar léitheoireachta amach anseo nó i gcomhair gníomhaíochtaí teanga ó bhéal.
- Spreag na leanaí chun triail a bhaint as **an bpróiseas scríbhneoireachta** sa dá theanga de réir mar a thagann siad i dteagmháil le seánraí éagsúla. Beidh i gceist leis seo na leanaí topaicí a roghnú, a dhréachtú, a athdhréachtú agus a chur i láthair do lucht féachana.
- Cuireann seisiúin **saorscríbhneoireachta** i mBéarla agus i nGaeilge araon ar chumas na leanaí triail a bhaint as réimse seánraí agus tugann siad **rogha** dóibh.

Múineadh le Scileanna a Aistriú idir Teangacha

i dtaobh na dtopaicí ar mian leosan scríobh fúthu. Tugann siad do na leanaí freisin deis le cleachtadh a dhéanamh ar na scileanna scríbhneoireachta a múineadh go sonrach dóibh le linn comhsheisiúin scríbhneoireachta mhúnlaithe, threoraithe.

- Spreag na leanaí chun páirt a ghlacadh i **ngníomhaíochtaí feasachta teanga**, ina gcuireann leanaí gnéithe den Bhéarla agus den Ghaeilge i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile, m.sh. comhaireamh, laethanta na seachtaine agus dathanna.
- Múin réimse **straitéisí tuisceana** i mBéarla agus i nGaeilge go sonrach tríd an tsamhail um fhreagracht a scaoileadh de réir a chéile, m.sh. tuartha a dhéanamh, íomhánna a chruthú. De réir mar a thosaíonn na leanaí ag idirghníomhú le téacs i mBéarla agus ag baint brí as de réir a chéile, is féidir na scileanna sin a fhorbairt tuilleadh i nGaeilge.
- Spreag na leanaí chun páirt a ghlacadh i **dtéacsanna dátheangacha** a chur le chéile faoi threoir an mhúinteora (féach an cur síos ar na céimeanna molta). Le téacsanna dátheangacha a scríobh, éilítear ar na leanaí nathanna cainte agus struchtúir sa dá theanga a chur i gcomparáid lena chéile, rud a spreagann aistriú eolais agus scileanna idir teangacha. Is féidir a leithéid de théacsanna a úsáid mar ábhar léitheoireachta amach anseo nó i gcomhair plé teanga ó bhéal. Is féidir aon

téacs dátheangach amháin a chur le chéile le himeacht tréimhse fhada ama. D'fhéadfadh an leagan den téacs in T2 a bheith ní ba ghiorra agus ní ba shimplí ná an leagan in T1.

Téacsanna dhá theanga a chruthú

1. Socraíonn na daltaí ar an topaic ar mian leo scríobh fúithi agus roghnaíonn siad teideal dá leabhar. Is féidir é sin a dhéanamh ar bhonn aonair, i ngrúpaí nó le cúnaimh an mhúinteora.
2. Déanann siad an scríbhneoireacht a phleanáil i mBéarla ach an tobsmaointeoireacht agus an mheabhairmhapáil a úsáid le breac-chuntas a thabhairt ar a scéal.
3. Agus iad ag tosú ar an gcéad dréacht dá scéal a chur le chéile, spreagtar na leanaí chun smaoineamh sa dá theanga. Ag an gcéim seo, is é an múinteoir a threoraíonn na leanaí.
4. De réir mar a chruthaíonn na leanaí gach leathanach den leabhar, scríobhann siad téacs i mBéarla agus i nGaeilge araon leis an mbrí chéanna, a bheag nó a mhór, a chur in iúl. D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist leis sin an friotal a dhéanamh ní ba shimplí sa dara teanga (T2). Is féidir leis an múinteoir an próiseas seo a mhúnlú i dtosach. Is féidir treoir a thabhairt do na leanaí maidir leis an bpróiseas roghnaithe focal agus frásaí a bhfuil brí chosúil leo in T2.

Múineadh le Scileanna a Aistriú idir Teangacha

5. Is tábhachtach an rud é ó thaobh na múinteoireachta de nach ndéantar aistriúchán díreach ó theanga amháin go dtí an teanga eile ag an bpointe seo. Is féidir le múinteoirí a mhúnlú cén chaoi le habairtí a bhfuil brí chosúil leo a chur i bhfocail i mBéarla agus i nGaeilge, m.sh. *My favourite hobby of all is soccer/Is maith liom sacar.*
6. Déanann na leanáí profléitheoireacht ar na téacsanna agus cabhraíonn múinteoirí leo an phrofléitheoireacht sin a dhéanamh. Cuireann siad a gcuid oibre in eagar de réir mar is gá.
7. Déantar gach leathanach a athdhréachtú agus a athbhreithniú arís ansin, de réir mar is gá.
8. Scríobhtar dréacht deireanach den téacs.
9. Cuirtear léaráidí le gach leathanach.
10. Cuirtear clúdach tosaigh agus clúdach cúil le chéile le haghaidh an leabhair.
11. Déanann na leanáí cur i láthair a phleanáil le haghaidh daoine eile. Tá i gceist leis sin an leabhar a léamh amach sa dá teanga, na léaráidí a thaispeáint agus míniú a thabhairt ar a ndearna leis an leabhar a chur le chéile.

**Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbraithfidh an méid cúnamh ón múinteoir a bheidh ag teastáil ó na leanáí ar a riachtanais agus ar leibhéal an ranga.*

Tagairtí

ACCAC. (2003). *Making the link: Language learning 5–14: English, Welsh, Welsh second language*, Modern foreign languages. <http://wales.gov.uk/docs/dcells/publications/090902guidanceresourcesmakingthelinken.pdf>

August, D., agus Shanahan, T. (2006). *Developing literacy in second-language learners: Report of the National Literacy Panel on language-minority children and youth*. Mahwah, NJ: Lawrence Erlbaum.

Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority. (2011). *The Shape of the Australian Curriculum: Languages*. Sydney: ACARA.

Baker, C., agus Hornberger, N. H. (2001). *An introductory reader to the writings of Jim Cummins*. Clevedon, Sasana: Multilingual Matters.

Cummins, J. (2001). *Negotiating identities: Education for empowerment in a diverse society*. (an dara heagrán). Los Angeles: California Association for Bilingual Education.

Ó Duibhir, P., agus Cummins, J. (2012). *I dTreo Curaclam Comhtháite Teangacha san Oideachas Luathóige agus sa Bhunoideachas (3-12 bhliain d'aois)*.

Baile Átha Cliath: CNCM http://www.ncca.ie/en/Publications/Reports/Towards_an_Integrated_Language_Curriculum_in_Early_Childhood_and_Primary_Education_.pdf

Pinter, A. (2011). *Children learning second languages*. Londain: Palgrave Macmillan.

Pleanáil i gcomhair Súgradh: Acmhainní

TORTHAÍ FOGHLAMA

Forbraíonn leanaí coincheapa, meonta agus scileanna maidir le:

- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird (Teanga ó Bhéal)
- Rannpháirtíocht (Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht)
- Spreagadh agus rogha (Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht)
- Tuiscint (Léitheoireacht)

Réamhrá



Cuid mhór den tionchar a imríonn an múinteoir ar shúgradh na leanaí is ea acmhainní a chur ar fáil don

súgradh. Is é an cuspóir atá leis an Ábhar Tacaíochta seo roinnt faisnéise a chur ar fáil faoin taobh praiticiúil d'acmhainní a chur ar fáil don **súgradh ceannoscailte faoi stiúir an linbh**. Is féidir cuid mhaith de na hacmhainní a bhfuil cur síos déanta orthu anseo a úsáid i dtaca le teagasc agus foghlaim ó thús deireadh an lae scoile. Bealach an-éifeachtach is ea é sin le súgradh na leanaí a nascadh le ceachtanna a bhaineann le hábhair ar leith. De bharr gurb ann do chúig áit súgartha, ní gá duit ach a dhóthain acmhainní a chur ar fáil d'aon ghrúpa amháin. Bíodh sin mar atá, is tábhachtach an rud é neart acmhainní a bheith ar fáil don ghrúpa sin.

Ní foláir an tÁbhar Tacaíochta a léamh ag an am céanna leis na podchraoltaí gairide a bhaineann leis. Gabhann sé leis an Ábhar Tacaíochta, *Eagrú i gcomhair Súgradh: Am agus Gnáthaimh*. Léirítear sa dá Ábhar Tacaíochta, agus sna podchraoltaí a bhaineann leo, na prionsabail agus na treoirlínte cleachtais in *Aistear*.

Acmhainní Ceannoscailte don Súgradh



Teastaíonn ó gach leanbh go dtabharfar deis dó labhairt faoina chuid súgartha, go dtabharfar cluas dó agus, ina dhiaidh sin, go bhféadfaidh sé féin cluas a thabhairt do leanbh eile.

Is iondúil go mbíonn roinnt de na háiteanna súgartha seo a leanas ann: gaineamh, uisce, sochdhrámata, domhan beag, dramhealaín, taos súgartha, agus tógáil. Cé go bhfuil tuilleadh roghanna ann, is é an rud is tábhachtaí go bhfuil na hacmhainní **ceannoscailte**.

In ainneoin go bhfuil roinnt de na hacmhainní ar fáil saor in aisce (m.sh., dramhealaín, boscaí bróg), ní mór do scoileanna infheistíocht bheag a dhéanamh i gcás acmhainní áirithe. Tá iarracht déanta anseo cothromaíocht a bhaint amach idir na hacmhainní is féidir a fháil saor in aisce agus iad siúd a chaithfear a cheannach. Is féidir tacaíocht a fháil ó thuismitheoirí le hacmhainní a bhailiú.

Pleanáil i gcomhair Súgradh: Acmhainní

Gaineamh/Uisce



Caithfidh tráidirí gainimh agus uisce a bheith domhain a ndóthain le go mbeidh an acmhainn 7-8 gceintiméadar ar doimhneacht gan titim amach arís is arís eile. Cabhraíonn sluaistí deannaigh agus scuaba le haghaidh an ghainimh agus seantuáillí le haghaidh uisce a dhoirteann amach ar an urlár leis na leanaí caoi a choinneáil ar an áit. Bíodh na hacmhainní le haghaidh an ghainimh beag agus i gcomhréir le méid an tráidire gainimh, m.sh. is deas an rud é buicéad agus spád a bheith agat ag an trá ach ní féidir leat iad a úsáid i dtráidire gainimh i ndáiríre.

Dramhealaín



Tá baint ag an dramhealaín leis an eolaíocht, le scileanna deartha agus déanta rudaí go háirithe. Cuireann sé bonn comhthéacs faoin snáithaonad eolaíochta, *Airíonna agus saintréithe ábhar*. Ina theannta sin, tugann sé an-deis don fhíor-fhadhbhréiteach féinghinte, agus cuireann sé scileanna mínluaileacha agus dírithe aigne chun cinn. D'fhéadfadh sé go gcabhródh an dramaíl leis na leanaí cruthanna 3T a aithint sa timpeallacht, agus go dtabharfadh sé bealach dóibh labhairt faoin athchúrsáil agus faoi cheisteanna comhshaoil eile. Thar gach aon ní eile, is spás é ina gcothaítear cruthaitheacht na leanaí.

Tógáil



Mar shampla ar an gcaoi ar féidir le pleanáil chúramach cur leis an méid is féidir a dhéanamh le hacmhainní, is féidir boscaí bróg (rud a ndéantar cur síos air sa phodchraoladh) a chur in ord ina dtriúir ar nós bábóga Rúiseacha agus cód pictiúir a chur leis na sraitheanna éagsúla. Nuair a dhéantar na boscaí a shórtáil ina sraitheanna, cuirtear le cumas na leanaí rudaí a chur in ord. Cuireann an cineál pleanála sin le hacmhainneacht an tsúgartha ó thaobh na teanga de freisin, le linn an ama glanta suas go háirithe. Tá baint fhollasach ag boscaí bróg agus acmhainní tógála eile leis an snáithe *Tógáil de Churaclam na nAmharc-ealaíon*.

Pleanáil i gcomhair Súgradh: Acmhainní

Taos Súgartha



Tá sé éasca taos súgartha a dhéanamh agus is rud ilúsáide é. Is deacair le leanaí áirithe dul i dtaithí air, áfach. Bíonn tábhacht ag baint le múnlú ag an múinteoir nuair a thugtar an taos súgartha isteach den chéad uair. Ná hinis do na leanaí céard atá le déanamh, déan féin é agus labhair faoi na smaointe atá agat. Tacaíonn an taos súgartha leis an bhfoghlaím sna hamharcealaíona trí na snáithaonaid a bhaineann le cré.

Úsáid mataí boird PVC/éadaí leis an mbord a choinneáil glan. Suigh an bord san áit fhliuch nó in áit eile nach bhfuil brat urláir uirthi, cuir cruthanna pasta, soip, caipíní buidéal, coirníní, pionnaí agus oiriúintí eile leis agus féach céard a tharlóidh!

An Domhan Beag

Is minic a dhéantar súgradh samhlaíoch sa domhan beag a nascadh le hacmhainní tógála a réitíonn go maith le dineasáir bheaga, reiptílí, feithidí, innealra feirme, innealra tógála, troscán agus a thuilleadh nach iad. Is trí sholáthar na míreanna domhain bhig sin a phleanáil go cúramach gur féidir leis an múinteoir nascadh le hábhair spéise na leanaí agus le haon ábhar comhtháite a bhfuil sé/sí ag baint úsáid as i gcomhair pleanáil churaclaim.



Súgradh Sochdhrámata



Is cóir cásanna le haghaidh an tsúgartha shochdhrámata a roghnú i gcomhairle leis na leanaí féin nuair is féidir ar chor ar bith. Is féidir go mbeidh teorainn leis an méid a chuirfidh tú ar fáil ar dtús de réir mar a fhorbróidh tú an raon acmhainní atá agat, ach is féidir na teorainneacha sin a dhéanamh ina gcuid de na comhráite pleanála leis na leanaí. Féach an tÁbhar Tacaíochta, *An Súgradh Sochdhrámata a úsáid le tacú leis an Teanga ó Bhéal agus le Forbairt na Luathlitearthachta.*

Pleanáil i gcomhair Súgradh: Acmhainní

Tábla Acmhainní Litearthachta agus Uimhearthachta



Cé gur féidir acmhainní cló timpeallachta agus acmhainní cló eile a chur i ngach áit súgartha, is fiú go mór bord ar leith a shocrú suas i gcomhair na litearthachta agus na huimhearthachta. Ní áit súgartha ann féin é an bord acmhainní sin, ach bíonn fáil ag na leanaí ar fad ar na hacmhainní le linn an tseisiúin súgartha. D'fhéadfaí orláistí, gloiní formhéadúcháin, miosúir ollmhóra, cineálacha éagsúla meánna, foireann spúnóga tomhais, méadarshlata, rialóirí solúbtha, bloic post-it agus leabhair nótaí bheaga, pinn agus pinn luaidhe nuaga, marcóirí, páipéar daite, clúdaigh

litreach, cailc agus a thuilleadh nach iad a chur leis. Is é an prionsabal anseo ná go n-úsáideann leanaí an litearthacht agus an uimhearthacht ar a gcomhairle féin, rud a thugann úinéireacht dóibh agus a dhéanann an litearthacht agus an uimhearthacht bríoch dóibh.

Spás a Eagrú



Is í an áit is fearr don súgradh ná seomra ranga na leanaí mar chuid dá n-eispéireas laethúil scoile. D'fhéadfadh cuma an-phlódaithe a theacht ar an seomra ranga de réir mar a úsáideann na leanaí an t-urlár agus na boird ar fad mar chuid dá gcuid súgartha, agus mar a dhéanann siad

ceangail idir na háiteanna súgartha éagsúla. Athrú ó bhonn is ea é seo ar chultúr an tseomra ranga naíonán agus tógfaidh sé am le dul i dtraithí air. Tá tábhacht nach beag ag baint le cumas na leanaí glanadh suas go neamhspleách agus go héifeachtach. Tá an tábhacht chéanna ag baint leis na comhráite a thiteann amach idir an múinteoir agus na leanaí maidir le cén chaoi leis an spás atá ar fáil a bhainistiú. Léiríonn taighde go bhfuil leanaí lánabalta teacht ar réitigh nuair nach bhfuil a dhóthain spáis ann (Broadhead, 2004).

Is annamh a cheapann leanaí go bhfuil áit róbheag le haghaidh an tsúgartha. Bainfidh siad feidhm as cibé spás atá ar fáil.

Pleanáil i gcomhair Súgradh: Acmhainní



Tátal

Mar atá luaite san Ábhar Tacaíochta, *Eagrú i gcomhair Súgradh: Am agus Gnáthaimh, ... ní féidir le daoine fásta súgradh leanaí a phleanáil, ach is féidir leo pleanáil i gcomhair an tsúgartha sin...* (Wood, 2013, lch. 68). Tá na hacmhainní a bhfuil cur síos déanta orthu, mar aon leis na podchraoltaí a bhaineann leo, ceaptha le treoir a thabhairt don mhúinteoir acmhainní oiriúnacha a roghnú don **súgradh faoi stiúir an linbh**. Cabhraíonn a leithéid d'ábhair cheannoscailte le múinteoirí tacú le leanaí a bheith cruthaitheach agus eachtrúil, teoiricí oibre a fhorbairt faoin gcaoi a n-oibríonn an saol, agus cinntí a dhéanamh fúthu féin mar fhoghlaimoirí (CNCM, 2009, lch. 6).

Pleanáil i gcomhair Súgradh: Acmhainní

Tagairtí

Broadhead, P. (2004). *Early Years Play and Learning: Developing Social Skills and Cooperation*. Londain: RoutledgeFalmer.

CNCM (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* Le fáil ag: <http://www.ncca.biz/Aistear/> Oscailte 24/5/2015.

Drew, W. F., Christie, J., Johnson, J. E., Meckley, A. M. agus Nell, M. L. (2008). Constructive Play: A Value-Added Strategy for Meeting Early Learning Standards. *Young Children*, 63; 4, 38 – 44. Le fáil ag: http://www.rbaeyc.org/resources/Constructive_Play_Article.pdf Oscailte 18/5/2015.

Drew, W. F. agus Rankin, G. (2004). Promoting creativity for life using open-ended materials. *Young Children*, Iúil 2004. Le fáil ag: http://www.rediscovercenter.org/pdf/promoting_creativity1.pdf Oscailte 18/5/2015.

N. I. Curriculum (n.d.). *Learning through play in the early years: A resource book*. Le fáil ag: http://www.nicurriculum.org.uk/docs/foundation_stage/learning_through_play_ey.pdf Oscailte 18/5/2015.

Swartz, M. (2005). Playdough: What's standard about it? *Young Children*, 60; 2, lgh. 100 – 109. Le fáil ag: https://www.naeyc.org/files/tyc/file/TYC_V3N3_Swartz.pdf Oscailte 18/5/2015.

Wood, E. (2013). *Play, Learning and the Early Childhood Curriculum. 3rd Edition*. Londain: Sage.

Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga

TORTHAÍ FOGHLAMA

Forbraíonn leanaí coincheapa, meonta agus scileanna maidir le:

- Teanga ó Bhéal: Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird
- Teanga ó Bhéal: Athinsint agus mionléiriú
- Teanga ó Bhéal: Teanga a úsáid go spráíúil agus go cruthaitheach
- Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht: Rannpháirtíocht
- Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht: Inspreagadh agus rogha

- Samhlaíocht agus cruthaitheacht
- Fiosracht agus eachtraíocht
- Spreagadh agus dúshlán
- Sult agus spraoi
- Réiteach fadhbanna agus cinnteoireacht.



Cén fáth Teagasc agus Foghlaim a dhéanamh spráíúil?

Is maith is eol dúinn gur breá le leanaí óga a bheith ag súgradh agus nuair atá siad i mbun eispéireas spráíúil ar ardchaighdeán, tugann fianaise le fios go léiríonn siad

- Spontáineacht agus sruth
- Saoirse, rogha agus ceannas

Tá léirithe i gCuraclam Teanga na Bunscoile an tábacht a bhaineann leis an súgradh agus le heispéiris spráíúla ó thaobh na foghlama teanga de i measc leanaí, rud atá ar aon dul leis na prionsabail agus na treoirlinnte cleachtais atá leagtha amach in *Aistear* (2009).

Mar sin, cén chaoi ar féidir saintréithe spráíúla a fhí go bríoch le chéile le gnéithe den teagasc agus den fhoghlaim teanga i saol bunscoile an linbh?

Cén chaoi ar féidir linn Teagasc agus Foghlaim a dhéanamh spráíúil?

Chun é sin a dhéanamh ar bhealach éifeachtach, cuireann an múinteoir tús le méid áirithe spráíúlachta agus coinníonn sé í sin i ngach uile ghné den fhoghlaim agus den teagasc teanga. Mar shampla, bíonn an t-atmaisféar éadrom agus éiríonn an ghníomhaíocht féinchothabháilach de bharr go mbíonn sé taitneamhach. Leantar castaí agus treoracha gan choinne, cé go mbíonn méid áirithe struchtúir fós ann le tacú le foghlaim éifeachtach teanga.

Tá i bhfad níos mó ná an súgradh ar leithlis i gceist leis an súgradh spráíúil. Déanta na fírinne, tá gach uile ghné de na sé phríomhcholún san áireamh ann. Ina measc siúd tá an gá le

1. **Caidreamh** croíúil, sábháilte a chothú leis na leanaí.
2. **Gníomhaíochtaí** spráíúla, tarraingteacha a chur chun cinn leis na leanaí.
3. **Deiseanna** spráíúla a chur ar fáil i ngach eispéireas teagasc agus foghlama.
4. Luas agus meaitseáil **thuisceanach** a chinntiú, bunaithe ar eolas ar chonairí forbartha.
5. **Meas** a léiriú d'éagsúlachtaí ó thaobh cumais, pearsantachta, aoise agus cultúir de.
6. **Dul chun cinn** agus idirlinnte a bhainistiú.

Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga



Agus tú ag smaoineamh ar an teagasc agus an fhoghlaim a dhéanamh spráúil, is tábhachtach an rud é go mbíonn leanaí sásta a gcuid smaointe agus tuairimí a chur in iúl agus ‘trial’ a bhaint as leabhar a léamh nó smaoineamh a scríobh síos gan eagla a bheith orthu go ndéanfaidís botún. Ní mór don mhúinteoir a bheith ina rannpháirtí réamhghníomhach san eispéireas foghlama chomh maith agus méid áirithe fuinnimh agus díograise a léiriú le suim na leanaí a spreagadh, mar aon lena gcuid eolais agus tuisceana ar theanga a chur chun cinn agus a leathnú ag an am céanna ar luas atá oiriúnach do na riachtanais ar leith atá ag gach aon duine acu. Bíonn

deiseanna ann le bheith spráúil taobh amuigh den uair laethúil súgartha faoi stiúir an linbh. D’fhéadfadh **eispéireas iomlán scoile an linbh a bheith spráúil**, .i., le linn gníomhaíochtaí tionscanta ag leanaí **agus** gníomhaíochtaí tascbhunaithe a dtreoraíonn an múinteoir iad. Ina theannta sin, d’fhéadfadh gach gníomhaíocht den sórt sin dul chun tairbhe leanaí óga ó thaobh na foghlama agus na forbartha teanga de. Tugann fianaise ó Van Oers (1996) le fios gur féidir le teagasc agus foghlaim spráúil teanga dhá chur chuige ar leith a chuimsiú, mar atá léirithe ag an mbarr ar dheis.

SÚGRADH

Teanga

Is é an súgradh an príomhfhócas anseo, ach cuirtear gnéithe teanga leis an eispéireas de réir a chéile, m.sh. cuirtear fáiltiú agus láthair feithimh le timpeallacht shamhailteach an ospidéil. Tá sa láthair sin pinn, leabhair nótaí, ríomhaire, irisí, greannáin, catalóga, agus a thuilleadh nach iad.

TEANGA

Súgradh

Sa chás thuas, is í forbairt na scileanna teanga an príomhfhócas agus déantar gnéithe spráúlachta a fhí le chéile leis an eispéireas. Mar shampla, d’fhéadfadh an múinteoir úsáid a bhaint as puipéid, júcanna, cultúr an phobail, an áit amuigh faoin aer nó múinteoir i ról le haird na leanaí a tharraingt agus a choinneáil.

A high quality early primary experience requires playing, learning and teaching to become fully synchronised (Wood, 2007).

Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga



Ról an Mhúinteora Teanga Spráíuil

Léiríonn múinteoirí spráíula a n-inniúlacht ghairmiúil ach:

- Eolas agus tuiscint mhaith a bheith acu ar thrí shnáithe an Churaclaim Teanga.

- Fios a bheith acu ar cén treo a rachaidh scileanna agus tuiscint na leanaí.
- Eispéiris a phleanáil de réir riachtanais agus ábhair spéise na leanaí aonair.

Léiríonn múinteoirí spráíula nach mbíonn siad ar a n-airdeall freisin ach:

- Súgradh a dhéanamh leis na leanaí.
- Ligean dóibh bheith i gceannas.
- Cruthaitheacht a spreagadh.
- Athbhrí agus úire a thabhairt isteach san eispéireas foghlama.

Cur Chuige atá bunaithe ar Thopaic a Úsáid

Nuair a ghlactar le **cur chuige atá bunaithe ar thopaic**, tuigtear nach féidir le leanaí óga a fheiceáil go mbaineann coincheapa, scileanna agus meonta le catagóirí agus réimsí curaclaim ar leith. Tugann topaic deiseanna do leanaí **naisc bhríocha a dhéanamh**. Cuireann sé ar a gcumas a gcuid scileanna agus eolais a fhorbairt agus **a aistriú** idir comhthéacsanna éagsúla. Mura n-éiríonn le leanaí naisc a dhéanamh idir réimse amháin agus réimse eile, is minic a chaithfidh siad an t-eispéireas foghlama i dtraipisí nó a dhéanfaidh siad dearmad air.

Tuigtear i gcás cur chuige comhtháite an tábhacht a bhaineann le smaointe agus ábhair spéise de chuid na leanaí a úsáid mar thúsphointe le topaic a chur faoi chaibidil. Cuireann sé sin le **spreagadh** na leanaí chun foghlaim agus lena **rannpháirtíocht** leis an topaic

Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga

is fearr an deis go mbeidh aird chognaíoch foghlaimeoirí meallta má bhaineann an teagasc le rudaí a aithníonn siad agus má chuireann sé leis an méid atá ar eolas acu cheana féin.

Ina theannta sin, dá mhéad a scríobhtar faoin inchinn agus faoin gcaoi a bhforbraíonn sí is ea is soiléire é go nglacann an intinn mhothúchánach páirt ríthábhachtach i



eispéireas foghlama atá **bunaithe ar thopaic** do leanbh, d'fhéadfadh sé go gcothófaí meonta dearfacha agus muinín de bharr go ligeann sé don leanbh rochtain ar an gcuraclam ar bhealach atá spráúil agus oiriúnach dá chéim áirithe forbartha.

Ag tús topaice nua, cuireann clár pleanála ar chumas na leanaí pleanáil a dhéanamh in éineacht leis an múinteoir. Labhraíonn siad faoin méid atá ar eolas acu cheana féin. Nochtann siad smaointe faoi na rudaí ar mian leo fáil amach fúthu. Spreagann sé sin na leanaí chun seilbh a ghlacadh ar a gcuid foghlama féin.

Físeán 1

Éist leis an gcás maidir le cén fáth a bhfuil an teagasc agus an fhoghlaim spráúil ríthábhachtach sna luathbhlianta d'eispéireas bunscoile leanaí.

An Topaic 'Seacláid'

Measaimis go bhfuil 'Seacláid' ina topaic oiriúnach do leanaí óga. Déanfar idirbheartaíocht maidir le roghnú na topaice leis na leanaí agus tá sí bunaithe ar rud éigin a bhaineann leo agus a bhfuil suim acu ann. Is rud í freisin ag a bhfuil an-bhaint go deo leis an litearthacht sa chaoi go bhfuil sí bunaithe ar leagan preableabhair an-mhealltach de *Charlie and the Chocolate Factory* le Roald Dahl.



Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga

Eispéiris Spráíúla atá Tionscanta ag an Leanbh

Tá liostaithe thíos roinnt de na heispéiris foghlama spráíúla a mbainfeadh leanaí taitneamh astu faoin topaic ‘Seacláid’. Rinneadh iad a chur i ngrúpaí de réir thrí shnáithe an Churaclaim Teanga.

Teanga ó Bhéal

- Páirt a ghlacadh i gcomhráite nádúrtha le linn rólimirt in *Wonka’s Chocolate Café*.
- Páirt an chócaire nó an fhreastalaí a dhéanamh agus na sainfhocail a úsáid a bhaineann leis an bpáirt sin.
- Comhoibriú a dhéanamh ar thasc le mionsamhail tógála mhór a dhéanamh de mhonarcha Wonka. Spreagann sé sin cumarsáid shaibhir toisc go gcaithfidh na leanaí idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le róil agus plé a dhéanamh ar a bpleananna.
- Taitneamh a bhaint as friotal spráíúil thart ar an tráidire uisce de réir mar a théann leanaí i ngleic leis an scéal agus mar a chumann siad rímeanna seafóideacha faoi Augustus Gloop.
- Sainfhriotal a bhaineann leis an ábhar a úsáid de réir mar a fhiosraíonn leanaí cén chaoi le huisce a chur ag rith tríd an sleamhnán mirlíní.

Léitheoireacht

- An biachlár a léamh agus roghanna a dhéanamh in *Wonka’s Chocolate Café*.
- Friotal matamaiticiúil a léamh de réir mar a úsáideann leanaí a bhfáisc-chláir agus tomhais neamhchaighdeánacha le mionsamhlacha a thógáil de na seomraí éagsúla atá i monarcha Charlie.
- Nascleanúint a dhéanamh ar ríomhchláir a bhaineann leis an topaic agus rudaí a léamh de réir mar a dhéanann siad nascleanúint ar an láithreán gréasáin/ríomhchlár.
- Treoracha a léamh maidir le cén chaoi le cácaí seacláide Rice Krispie a dhéanamh le haghaidh *Wonka’s Chocolate Café*.

Scríbhneoireacht

- Biachláir a chur i dtoll a chéile agus a athdhréachtú don chaifé.
- Orduithe a scríobh amach do chustaiméirí.
- Fáisc-chláir agus marcóirí dathannacha a úsáid le tógáil mhonarcha Wonka a phleanáil.
- Scileanna mínluaileacha a neartú ach an taos bog seacláide a láimhsiú le rudaí a dhéanamh don chaifé.
- Scuaba péinteála ar mhéideanna éagsúla a láimhsiú le péinteáil le seacláid leáite.
- Pionsúirín a úsáid ag an tráidire gainimh le cuardach le haghaidh boinn óir sna Coco Pops.

Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga

- Pionsúirín a úsáid ag an tráidire gainimh le cuardach le haghaidh boinn óir sna Coco Pops.

Eispéiris Spráíula a bhaineann leis an Tasc atá Tionscanta ag an Múinteoir

Liostaithe thíos tá gníomhaíochtaí atá fós spráíuil cé go bhfuil siad beagáinín níos struchtúrtha agus gurb é an múinteoir a thionscnaíonn iad. Arís, rinneadh iad a chur i ngrúpaí de réir thrí shnáithe an Churaclaim Teanga.

Teanga ó Bhéal

- Páirt carachtar i leabhar a dhéanamh agus úsáid a bhaint as friotal agus frásaí a foghlaimíodh le linn amanna *Léitheoireachta i gcomhpháirt*. Cnaipí fuaimne intaifeadta TFC a úsáid le ligean do leanaí guthanna na gcarachtar a thaifeadadh.
- **Meabhairmhapa den chumarsáid a gineadh nuair a rinneadh plé ar an topaic ‘Seacláid’.** D’fhéadfadh meabhairmhapa a bheith ina bhealach úsáideach le pleanáil leis na leanaí ag tús na topaice. Cuirtear an focal ‘Seacláid’ i gcroílár an chláir pleanála agus cabhraíonn focail cheisteacha amhail *cé, cá háit, cathain, céard* le leanaí smaoineamh ar a bhfuil i ndán gá cuid foghlama.



- Focail thuairisciúla a ghiniúint le cur síos a dhéanamh ar shuíomhanna ón leabhar, m.sh. ar dhul isteach i ‘Seomra na Seacláide’...
- Dul isteach i dtír na samhlaíochta nuair a thagann an múinteoir isteach sa seomra ranga i ról Willy Wonka agus nuair a iarrann sé ar na leanaí a bheith ina n-oibrithe monarchan.

Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga

Léitheoireacht

- An scéal nó an t-ord inar bhuaigh na carachtair na ticéid óir a sheicheimhú.
- Turas na pónaire cacó chuig an mbarra seacláide a sheicheimhú (difreáilte le ciúnna pictiúir agus le focail agus frásaí simplí).
- Siollaí ainmneacha na gcarachtar a bhualadh amach le bataí rithime.
- Rím a athrú de réir na rímeanna atá in Charlie and Chocolate Factory.

Scríbhneoireacht

- Focail a bhaineann leis an topaic a scríobh ar ghlóchláir.
- Glópheann daite, páipéar atá deartha i stíl na topaice agus fáisc-chláir a úsáid le scríbhneoireacht chruthaitheach a bhaineann leis an topaic a spreagadh.
- Scríbhneoireacht ghnásúil a dhéanamh – cén chaoi le haon rud a dhéanamh le seacláid!
- Fíric maidir leis an Uas. Cadbury a scríobh.
- Barra Wonka agus cumhdach a dhearadh.
- Ticéid óir a scríobh do bharraí Wonka.



Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga

Monatóireacht a dhéanamh ar Eispéireas Spráúil Foghlama agus Teagaisc

Is fiúntach aird a thabhairt ar fhreagraí na leanaí ar an eispéireas spráúil le cáilíocht na foghlama atá ag titim amach a mheas ar an iomlán. D'fhéadfadh na ceistanna machnamhacha seo a leanas a bheith cabhrach le tús a chur leis an bpróiseas:

- Ar léirigh na leanaí ardleibhéil **suime agus spreagtha?**
- Ar léirigh siad go raibh siad **ag iarraidh a bheith cruthaitheach agus a samhlaíocht a úsáid** sa phróiseas?
- An raibh siad **fiosrach** faoin eispéireas foghlama?
- Ar chloígh siad leis **an tasc?**
- Ar léirigh siad go raibh siad **ag iarraidh a bheith cruinn agus cúramach?**
- Ar thug siad **aon mholtaí?**
- An raibh siad in ann **tuairim a thabhairt ar a gcuid oibre féin?**
- Ar léirigh siad go raibh **suim** acu sa topaic agus go raibh siad sách **inniúil** ó thaobh teanga a úsáid sna trí shnáithe den Churaclam Teanga?
- An ndeachaigh siad i ngleic leis na gníomhaíochtaí **gan fuacht gan faitíos?**
- Ar idirghníomhaigh siad le daoine eile **go muiníneach?**

Nuair a dhéantar an spráíúlacht a fhí le chéile le teagasc agus foghlaim teanga, ní hamháin go spreagtar leanaí óga chun tuilleadh a fhoghlaim ach is eispéireas saibhriúcháin é do na múinteoirí freisin!



Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga

Tagairtí

- Harris-Helm, J. agus Katz, L. (2011). *Young Investigators: the Project Approach in Early Years*. Washington: NAEYC.
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009). *Aistear: Creachuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: CNCM.
- Van Oers, B. (1996). Are You Sure? The Promotion of Mathematical Thinking in the Play Activities of Young Children, *European Early Childhood Education Research Journal*, 4, 71-89.
- Walsh, G., McGuinness, C., Sproule, L. agus Trew, K. (2010). Implementing a Play-based and Developmentally Appropriate Curriculum in Northern Ireland Primary Schools: What Lessons have we Learned?, *Early Years*, 30:1, 53-66.
- Walsh, G., Sproule, L., McGuinness, C., Trew, K. agus Ingram, G. (2010). *Playful Structure: Six Pillars of Developmentally Appropriate Practice. A Handbook for Teachers. Guidance submitted to Northern Ireland Council for Curriculum Assessment and Examinations (CCEA)*.
Le fáil ag:
http://www.nicurriculum.org.uk/docs/foundation_stage/eye_curric_project/evaluation/Playful_Structure_Handbook.pdf
- Walsh, G., Sproule, L., McGuinness, C. agus Trew, K. (2011). Playful Structure: A Novel Image of Early Years Pedagogy for Primary School Classrooms, *Early Years*, 31:2, 107-119.
- Wood, E. (2007). Reconceptualising Child-Centred Education: Contemporary Directions in Policy, Theory And Practice in Early Childhood, *Forum*, 49: 1, 119-134.

Físeán

[Playfulness In Teaching And Learning](#)

Addressing Grammatical Problems In Learner Irish

Sentence structure and grammar with requests and questions

LEARNING OUTCOMES

To develop children's concepts, dispositions and skills in relation to:

Oral Language:

- 4. Sentence structure and grammar

Reading:

- 3. Conventions of print

Writing:

- 3. Conventions of print and sentence structure

In this guide, we make suggestions on how to teach three aspects of Irish grammar that cause ongoing difficulty for pupils in Irish-medium and English-medium classrooms.

These are:

- the use of the copula
- word order in infinitival clauses
- prepositional pronouns (*'liom', 'dom', 'orm'*)

Pupils' grammars regularly fossilise with errors in these areas, even though their use of other types of sentence structure continues to progress. Although they hear these structures being used by teachers, this does not seem to be sufficient for them to be mastered.

(i) THE COPULA

The substantive verb, the verb to be, is often used by children when they should use the copula. Many pupils do not know that the copula must be used when the complement is a noun or noun phrase, so that for example they say the

incorrect *'Tá Seán múinteoir'* instead of *'Is múinteoir é Seán'*

Grammar explanation

Unlike English, Irish has two ways of expressing 'be', depending on whether the complement of 'be' is an adjective ('He is tall') or a noun or noun-adjective combination ('He is a man' or 'He is a tall man')

Irish uses the verb *'bí'* when describing a property of someone or something (usually in the form of an adjective). The language does not allow *'bí'* to be used if its complement is a noun:

Tá sé ard ✓

Tá sé fear ✗

Tá sé fear ard ✗

Suggested types of instruction:

1. Simple grammatical explanation of the structures.
2. Minimal pairs to memorise. Learning these gives the students a quick way to remind themselves of the correct structure, which they can consult when in doubt.
3. Activities requiring use of the correct forms.

Addressing Grammatical Problems In Learner Irish

When the complement of the verb *bí* is a noun (like man above), a different structure must be used. Begin the sentence with *Is* (or *Ba* in the past tense), then add the complement, then add a pronoun with the same gender as the subject, and finally add the subject:

<i>Is</i> [noun] <i>é</i> [subject]	<i>Is múinteoir é Seán</i>	'Seán is a teacher'
<i>Is</i> [noun] <i>í</i> [subject]	<i>Is múinteoir í Máire</i>	'Máire is a teacher'

It is also important for teachers correcting examples where 'tá' is followed by a noun, to often give the form with 'is' (*Is múinteoir é*) and not the form with 'ina' (*Tá sé ina mhúinteoir*). The latter gives the closest correct alternative, but does not reinforce the use of the 'is' structure which must be used with noun complements.

See also Mac Congáil (2006:165) and Christian Brothers (1999:122) for explanation of use of the copula.

Minimal pairs

In order to reinforce the difference between the structures with adjective and noun complements, we suggest the learning of minimal pairs such as:

<i>Tá Seán cliste</i>	<i>Tá Mary ard</i>	<i>Tá Toby óg</i>
<i>Is fear cliste é Seán</i>	<i>Is cailín ard í Mary</i>	<i>Is madadh óg é Toby</i>

Activities

1. Word card activity

1.1. Context

The activity is based around describing a fictional family.

- The pupils are divided into small groups (3 or 4).
- The pupils are provided with a picture (one member of the family) and a set of describing sentences, which have been written on cards so that each card contains one word.
- The sentences describe the family (or the character allocated to that group) in the picture using both *is* and *bí*.
- The pupils must arrange all of the cards to create four sentences that describe what is observed in the picture using the correct forms of 'be' as well as the desired pronoun

Addressing Grammatical Problems In Learner Irish

form (for example sé rather than é).

A sample exercise is given below:

1.2. Materials

Word cards provided

Is

seo

cliste

í

cailín

tá

sí

Mary

í

Target sentences

Seo í Lisa

Is cailín í

Tá sí cliste

1.3. Format

The pupils are divided into small groups and the first group to rearrange the word cards in the right order is the winning group.

2. 'Cé mise' exercise

2.1 Context

This exercise is a form of 'guess who' and involves either teams or individuals identifying a character through which the copula is elicited.

2.2 Materials

Photographs of well-known celebrities, pupils in the class or simple post-it notes or names in envelopes.

2.3 Format

The exercise involves the pupils asking questions of the teacher to find out who is in a picture of a well-known person which the teacher (or another student) has but does not show to the class. The pupils have to ask questions:

An fear é?

An ceoltóir é?

An aisteoir é?

The first person to guess who is in the picture wins a point, but a point is lost every time an incorrect structure is used to ask the question.

Addressing Grammatical Problems In Learner Irish

(ii) WORD ORDER IN INFINITIVE CLAUSES

Grammar explanation

In Irish, subordinate clauses containing non-finite verb forms place the verb at the very end, after the object if there is one. If there is an infinitive verb that has an object, the object comes first, followed by 'a' and then the verb

Chuaigh sé chun [an cluiche a fheiceáil] ✓
 'He went to see the game'

Chuaigh sé [a fheiceáil an cluiche] ✗
 'He went to see the game'

For further explanation of the grammar, see Mac Congáil (2006: 62-83)

Sentences containing minimal pairs

[V O] [O a+V]

Thóg sé teach mar bhí sé ag iarraidh teach a thógáil

'He built a house because he wanted to build a house'

[V O] [O a+V]

D'ól sí bainne nuair a bhí sí ag iarraidh bainne a ól

'She drank milk when she wanted to drink milk'



Addressing Grammatical Problems In Learner Irish

Activity

The activity here is based around the idea of 'I'd rather'. By asking the pupils what they do habitually and then asking them what they would rather do (using the conditional "b'fhéarr liom"), the pupils need to know how to construct an infinitive clause. The task may be based around the pupils describing their own experiences, or a picture. (Using a combination of both will help the pupils' practice in formation of prepositional pronouns which are outlined below).

- This is a writing-based exercise, the pupils are asked to 'fill in the blanks' according to their own preferences, or what is observed in a picture alongside the sentence with missing parts.
- The sentences will force the pupils to use the infinitive form of the verb by including the particle "a" as part of the sentence that is provided

Picture task



Tá an gasúr _____ ach b'fhéarr leis _____ a _____

Target

Tá an gasúr [ar scoil/ag staidéir] ach b'fhéarr leis [peil] a [imirt]

Addressing Grammatical Problems In Learner Irish

Writing task -Daily routine (fill in the blanks)

Gach maidin ithim _____ach b'fhearr liom
_____a_____

I ndiaidh na scoile déanaim _____ach b'fhearr liom
_____a_____

Ag deireadh na seachtaine _____ach b'fhearr liom
_____a_____

This can be extended to include a story-telling speaking task. The pupils work in pairs and each reads out what the other has written but then the pupils must use the 3rd person:

Gach maidin itheann _____ / _____ach b'fhearr leis/
léi _____a_____

I ndiaidh na scoile déanann _____ / _____ach
b'fhearr leis/léi _____a_____

Ag deireadh na seachtaine _____ / _____ / _____ach
b'fhearr leis/léi _____a_____

Extending this type of task to other main clause verbs, the teacher can direct the pupils to a role-playing activity that could for younger pupils involve dressing up. This game would involve eliciting the following types of sentence:

Seo é Peter, is meicneoir é, is maith leis carranna a dheisiú

Seo í Mary, is báicéir í, is maith léi arán a dhéanamh.

Seo í Kate, is ceoltóir í, is maith léi amhráin a scríobh.

(iii) PREPOSITIONAL PRONOUNS

Pronouns in Irish incorporate with prepositions (for example 'liom', 'ort', 'agat'), however children tend not to use the incorporated form and leave the preposition and the pronoun as two separate words (for example 'Tá ocras ar mé' instead of 'Tá ocras orm').

Grammar explanation

Where a preposition (e.g. *le*) is followed by a pronoun (e.g. *mé*) they must combine, e.g. to give *liom*. Prepositions are words like: with, on and under; pronouns are words like him, her, and them.

Bhuail Pól liom ✓

Bhuail Pól le mé ✗

Addressing Grammatical Problems In Learner Irish

Minimal pairs

The pupils should learn some minimal pairs which illustrate the need to combine pronouns with prepositions e.g.

<i>le Pól</i>	<i>ar Mháire</i>	<i>do sinn/muid</i>	<i>chuig mé</i>
<i>leis</i>	<i>uirthi</i>	<i>dúinn</i>	<i>chugam</i>

Activity


- A jigsaw task would help pupils understand how prepositions and pronouns combine as well as highlight the form of the inflected preposition.
- The jigsaw pieces can be prepared by the teacher beforehand, although preferably, the jigsaw pieces could be made by the pupils giving them more exposure to the pronouns, the prepositions and also then the target-inflected forms.
- This could incorporate art and craft and possibly form a wall display which would serve as a reminder for the students of the target forms. Each group of pupils could be assigned one preposition and create a jigsaw for it.

The jigsaw pieces are created with pieces of card upon which the inflected form is written:



Addressing Grammatical Problems In Learner Irish

Both the preposition and the pronoun forms will be written on the back of these cards, using both the regular prepositions and the emphatic *-se/-sa* counterparts (for example *liom* and *liomsa*):



Note the variant forms *muid* and *sinn*. *Sinn* appears predominantly in Munster while *muid* tends to appear in the Connacht and Donegal regions.

Using either pinking shears or scissors, the card is cut in half so that each half contains either the preposition or a pronoun:



The pupils then mix the pieces of card up and then on a pinboard the target forms are listed and the pupils must match the correct elements to derive the form on the board. They can then check their scores at the end by

turning over the cards to check the target forms:



Repetition

Fossilised grammatical structures are more or less by definition very difficult to amend, so regular repetition of the minimal pairs and exercise types are necessary in order to enable progress. A further exercise for learning these structures could involve the pupils making up rhymes or songs that contain the target forms.



Addressing Grammatical Problems In Learner Irish

References

Mac Congáil, N. 2005. *Irish Grammar Book*. Cló Iar-Chonnachta.

Stenson, N. 2008. *Basic Irish: A Grammar and Workbook*. Routledge.

Ní Ghráda, M. 1980. *Progress in Irish: A Graded Course for Beginners and Revision*. Edco

Ó Domhnalláin, T. 2002. *Buntús Cainte Céim a hAon: A First Step in Spoken Irish Part 1*. An Gúm.

Department of Education for Northern Ireland (2002) *Research Briefing: Developing linguistic accuracy in Irish Medium Primary Schools/ Cruinneas Teangeolaíoch a Fhorbairt i mBunscoileanna Gaeilge* Available at http://www.deni.gov.uk/index/facts-and-figures-new/32_statistics_and_research-research_pg/research-reports-for-policy-makers/32_research_2002_pg.htm

Christian Brothers. (1999). *New Irish grammar by the Christian Brothers*. Dublin: CJ Fallon.

Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil (2016). Baile Átha Cliath: Tithe an Oireachtais.

Cosáin Tacaíochta Breise



Cosáin Tacaíochta Breise agus Curaclam Teanga na Bunscoile

Tá Torthaí Foghlama agus Contanaim Dul chun Cinn ghaolmhara i gCuraclam Teanga na Bunscoile. Déanann na Torthaí Foghlama i gCuraclam Teanga na Bunscoile cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbítear ag súil leo ó pháistí tar éis tréimhse ama. Chun cabhrú le múinteoirí úsáid a bhaint as na Torthaí Foghlama chun gníomhaíochtaí agus eispéiris a thacaíonn le foghlaim teanga na bpáistí

i gcaitheamh na tréimhse sin a phleanáil agus a chur ar fáil, tugann na Contanaim Dul chun Cinn níos mó sonraí faoi ghnéithe de na Torthaí Foghlama.

Tacaíonn an curaclam le gach páiste chun dul cinn a dhéanamh agus a bheith ag obair i dtreo na dtorthaí foghlama seo ar ráta agus ar luas a oireann dá gcumas, agus go n-aithneofaí an fhoghlaim sin.

Forbraíodh na Cosáin Tacaíochta Breise chun rochtain, deis agus dúshlán a chur ar fáil do pháistí a bhfuil míchumas foghlama acu sa raon meánach íseal go dtí dian agus trom. Dearadh na Cosáin lena n-úsáid ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile don chohórt foghlaimeoirí seo. Tacaíonn na Cosáin le leanúnachas agus le dul chun cinn do na foghlaimeoirí agus iad ag aistriú ó rang go rang agus ar aghaidh go dtí cláir iar-bhunscoile.

Tá na Cosáin Tacaíochta Breise ag teacht leis na Cosáin Dul chun Cinn atá deartha do scoláirí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta (MFG) acu sa raon cumais meánach íseal go dtí dian/trom atá ag glacadh páirt i gCláir Leibhéal I don tSraith Shóisearach. Tacaíonn Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum le múinteoirí chun úsáid a bhaint as an bhfianaise a bhailíonn siad ó chomhráite agus idirghníomhaíocht le páistí agus ó ghníomhaíochtaí teanga chun cinntí a bhfuil bonn eolais fúthu a dhéanamh i dtaca leis na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim teanga na bpáistí. Agus é sin ar intinn acu, is féidir le múinteoirí cinneadh a dhéanamh na Cosáin Tacaíochta Breise a úsáid do pháistí atá taobh amuigh den raon cumais meánach íseal go dtí dian/trom chomh maith lena n-úsáid do pháistí atá taobh istigh den raon. Ba chóir an cinneadh sin a dhéanamh i gcomhairle le gairmithe eile i bpobal na scoile, ba chóir go mbeadh sé ag teacht le Plean Oideachais don Dalta Aonair (IEP) an pháiste agus ba chóir athbhreithniú a dhéanamh air go rialta

Cosáin Tacaíochta Breise

Cé dóibh na Cosáin Tacaíochta Breise?

Maidir le páistí a bheidh ag baint leas as na Cosáin Tacaíochta Breise, beidh Plean Oideachais don Dalta Aonair (IEP) dá gcuid féin acu mar chuid dá gComhad Tacaíochta áit a gcomhaontaíonn an múinteoir, an tuismitheoir agus an páiste spriocanna sonracha agus réalaíocha. Is duine aonair gach páiste ag a bhfuil sraith uathúil láidreachtaí ar gá iad a cheiliúradh agus a chothú. Tacaítear le páistí a bhfuil míchumas foghlama acu sa raon meánach íseal go dtí dian agus trom chun úsáid a bhaint as a gcuid scileanna agus buanna uathúla féin chun fionnachtana a dhéanamh ina ndomhan féin. Bainfidh na páistí seo tairbhe as níos mó ama chun faisnéis a phróiseáil agus chun eolas a fhoghlaimíonn siad i suíomhanna éagsúla a aistriú. Is é an chéad chéim dá múinteoirí ná a mbuanna agus a réimsí/spriocanna foghlama tosaíochta a aimsiú d'fhonn a n-aistear foghlama a phleanáil.

Úsáid a bhaint as na Cosáin Tacaíochta Breise

Is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as na Cosáin Tacaíochta Breise chun cabhrú le páistí a bheith ag obair i dtreo torthaí foghlama. Is féidir le páistí a bheith ar chosáin éagsúla le haghaidh torthaí foghlama éagsúla.

Baintear úsáid as seacht dtáscaire thuairisciúla sna Cosáin Tacaíochta Breise chun cur síos a dhéanamh ar aistear foghlama na bpáistí sa chohórt seo. B'fhéidir nach leanfaidh an chaoi ina bhfoghlaimíonn an páiste gnáthchosán líneach forbartha a gcuid piaraí a fhorbraíonn ar ghnáthbhealach. Dá bhrí sin, ba chóir cur chuige solúbtha a ghlacadh i leith na Cosáin Tacaíochta Breise chun dúshlán an pháiste a thabhairt a gcumas a bhaint amach. I bhfianaise éagsúlacht riachtanais, láidreachtaí agus ábhair shuime na bpáistí sa chohórt seo, tá

Cosáin Tacaíochta Breise



COSÁIN TACAÍOCHTA BREISE	Gníomh an pháiste...
BLAISEADH DE	Tá an páiste i láthair i gcaitheamh gníomhaíocht foghlama. Tá sé/sí ar an airdeall agus/nó faigheann sé/sí blaiseadh den timpeallacht foghlama. Tá sé/sí ag dul i dtaithí ar an timpeallacht foghlama, cuir i gcás rudaí, daoine, fuaimeanna agus taithí chéadfach eile.
AIRD A THABHAIRT AIR	Tugann an páiste aird ar na gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear ina láthair agus/nó glacann páirt iontu trí ghotha, iompar an choirp, guthaíocht, súilfhéachaint, gluaiseacht etc. a athrú. Tá sé/sí tar éis dul i dtaithí ar an timpeallacht foghlama.
FREAGAIRT DÓ	Taispeánann an páiste go bhfuil sé/sí in ann spéis a chur sa timpeallacht foghlama go gníomhach nó d'aon ghnó. Tosaíonn sé/sí ag cur in iúl céard is maith leis/léi, céard nach maith leis/léi nó céard is fearr leis/léi. Freagraíonn sé/sí go gníomhach do ghníomhaíocht foghlama le tacaíocht nó gan tacaíocht.
TÚS A CHUR LEIS	Tá an páiste fiosrach faoin timpeallacht foghlama. Lorgaíonn sé/sí, go gníomhach agus go neamhspleách, deiseanna le páirt a ghlacadh sa timpeallacht sin agus/nó dul i bhfeidhm uirthi.
SEALBHÚ	Taispeánann an páiste go bhfuil eolas, coincheap nó scil á foghlaim. Fiosraíonn sé/sí an fhoghlaim agus glacann páirt inti.
AG ÉIRÍ LÍOFA	Gluaiseann an páiste i dtreo líofachta agus cruinnis i gcomhthéacsanna foghlama a bhfuil taithí aige/aici orthu. Taispeánann sé/sí go neamhspleách agus go seasta go bhfuil sé/sí in ann cuimhneamh ar an scil/coincheap/eolas a foghlaimíodh.
GINEARÁLÚ	Aistríonn an páiste scileanna, eolas nó coincheapa foghlamtha chuig comhthéacsanna a bhfuil taithí aige/aici orthu agus chuig comhthéacsanna nach bhfuil, agus cuireann sé/sí i bhfeidhm iad sna comhthéacsanna sin.

Aiseolas Ceartaitheach i gComhthéacs an Tumoideachais

TORTHAÍ FOGHLAMA

Tacaíonn an t-ábhar tacaíochta seo le múineadh agus le foghlaim gach teanga agus baineann sé leis na torthaí foghlama uile trasna na trí snáithe.

- Teanga ó Bhéal
- Léitheoireacht
- Scríbhneoireacht

Céard is Teagasc Foirm-Dhírthe ann?

Agus muid ag trácht ar ‘fhoirm’ anseo, is éard a bhíonn ar intinn againn ná nithe amhail aimsir na mbriathra, inscne na n-ainmfhocal, struchtúr nó comhréir abairte, nó séimhiú nó urú a bheith ar fhocal. Is dual do pháistí díriú ar bhrí, agus is é an dúshlán atá roimh an múinteoir ná iad a spreagadh chun aird a thabhairt ar fhoirm na teanga. Mar shampla, nuair a bhíonn ceacht staire á mhúineadh ag múinteoir i suíomh

tumoideachais, ní leor é díreach tuiscint a bheith ag na páistí ar an *ábhar* atá siad ag éisteacht leis nó atá á léamh acu, ní mór dóibh aird a thabhairt ar an *gcaoi* a ndeirtear nó a scríobhtar an t-ábhar sin freisin.

Leis an Teagasc Foirm-Dhírthe (TFD), tugtar deiseanna do pháistí aird a thabhairt ar spriocfhoirmeacha teanga le linn tascanna atá dírithe ar ábhar (Ranta & Lyster, 2018). Go bunúsach, meastar gur TFD atá i gceist le gníomhaíocht teagaisc phleanáilte nó theagmhach ar bith lena dtugtar treoir do na páistí aird a thabhairt ar fhoirm na teanga, beag beann ar an ábhar atá á theagasc nó á phlé (Ellis, 2001). Maidir le TFD, tá réimse leathan straitéisí teagaisc ar féidir le múinteoirí tumoideachais leas a bhaint astu chun aird na bpáistí a dhíriú ar fhoirm le linn tascanna atá dírithe ar bhrí nó ar ábhar. Sa mhéid sin, féadfar a mheas gur scáth-thearma é TFD lena

gclúdaítear a lán straitéisí teagaisc agus foghlama atá ar fáil do mhúinteoirí agus do pháistí i gcoitinne. San ábhar tacaíochta seo, cuirtear straitéis TFD amháin i láthair, ar a dtugtar Aiseolas Ceartaitheach (AC), a d’fhéadfadh cabhrú le múinteoirí ‘frithchothromaíocht’ (Lyster, 2007) a bhaint amach idir teagasc ábhair agus teagasc foirme sa seomra ranga tumoideachais, chun T2 níos cruinne a chothú i measc páistí tumoideachais. Díríonn an sampla seo ar AC ó bhéal.



Aiseolas Ceartaitheach i gComhthéacs an Tumoideachais

Cad is Aiseolas Ceartaitheach ann?

Is éard is brí le hAiseolas Ceartaitheach (AC) ó bhéal ná aon aiseolas ón múinteoir nó páiste eile sa rang, a dhíríonn aird an pháiste ar a b(h)otúin ghramadaí agus a spreagann an páiste an fhoirm chruinn den spriocstruchtúr a úsáid. Ar an gcúis sin, fáiltítear roimh bhotúin T2 sa chóras tumoideachais toisc gur deiseanna iad chun aird na bpáistí a dhíriú ar fhoirm na teanga sa seomra ranga le linn ábhair eile ar mhaithe lena dteanga a neartú agus a threisiú. Ina theannta sin, is díol suntais é gur cuireadh AC in iúl mar straitéis éifeachtach leis an dara teanga a mhúineadh i dtuairisc a cuireadh i dtoll a chéile mar threoir d'fhorbairt Churaclam Teanga na Bunscoile (2015/2019) in Éirinn (Harris & Ó Duibhir, 2011). Ach ní le ceacht

Gaeilge amháin a baintear úsáid as AC. Go deimhin, moltar do mhúinteoirí deiseanna a thapú chun leas a bhaint as AC, ar bhealach spreagúil agus tacúil, i gcaoi neamhfhoirmiúil i rith an lae scoile – le linn ceachtanna ábhair, le linn ceachtanna teanga agus fiú le linn am sosa chun foghlaim agus sealbhú teanga na bpáistí a chur chun cinn. Moltar freisin ról gníomhach a bheith ag na páistí ina gcuid ceartúchán chun cultúr comhoibríoch i leith ceartúcháin a bhunú sa seomra ranga. Ar an gcúis sin, féadfar a mheas gur straitéis úsáideach é AC chun cothromaíocht a bhaint amach idir teagasc agus foghlaim an ábhair agus na foirme i rith an lae, má bhaintear úsáid as i gcaoi chórasach ar bonn leanúnach sa seomra ranga. Tá sé tábhachtach a shonrú nach mór ceartúchán den sórt sin a bheith tuisceanach, fiúntach agus spreagúil,

áfach, sa chaoi is go gcothófar cultúr dearfach i leith cúrsaí ceartúcháin sa suíomh tumoideachais. Tugtar treoirlínte san ábhar tacaíochta seo a d'fhéadfadh cabhrú le cultúr dá leithéid a chothú sa seomra ranga.



Aiseolas Ceartaitheach i gComhthéacs an Tumoideachais

Cad iad na Straitéisí Aiseolais Cheartaithigh is Féidir Liom a Úsáid sa Seomra Ranga?

Nuair a chloistear botún gramadaí i measc páistí sa seomra ranga tumoideachais, is iomaí straitéis AC atá ar fáil do mhúinteoirí agus pháistí. Tá na straitéisí ar fad scaipthe in dhá chatagóir: Athmhúnluithe agus Leideanna. Le hAthmhúnluithe mar straitéis (*Tábla 1*), ceartaítear aon bhotún teanga ó bhéal a dhéanann an páiste tríd an bhfoirm cheart a thabhairt dó/di. Fágann sé sin go mbíonn Athmhúnluithe ina dtacaíocht dhíreach nó ina dtacaíocht fhollasach do theanga an pháiste, más rud é go n-aithníonn agus go

n-adhmaíonn an páiste an fhoirm cheartaithe. Is minic a n-úsáideann múinteoirí Athmhúnluithe mar straitéis chun botúin teanga na bpáistí a cheartú mar go gceartaítear an foirm na teanga go sciobtha gan cur isteach ar luas nó ar shruth an ranga, tríd an bhfoirm chruinn den teanga a thabhairt don pháiste ar an toirt. Tugtar forléargas i *dTábla 1* ar na hAthmhúnluithe éagsúla a bhíonn ar fáil do mhúinteoirí mar straitéisí ceartúcháin agus tugtar samplaí den chaoi ar féidir iad a chur i bhfeidhm sa seomra ranga.



Aiseolas Ceartaitheach i gComhthéacs an Tumoideachais

Straitéisí Athmhúnluithe		
An Fhoirm Chruinn den Teanga a Chur ar Fáil don Pháiste		
Straitéisí Athmhúnluithe	Sainmhíniú	Sampla
Ceartú Follasach	Cuirtear an fhoirm chruinn ar fáil don pháiste.	P (Páiste): An bhfuil cead agam faigh deoch? M (Múinteoir): An bhfuil cead agat deoch a fháil? P: An bhfuil cead agam deoch a fháil, a mhúinteoir?
Ceartú Follasach le Míniú Meititheangeolaíoch	Cuirtear an fhoirm chruinn ar fáil don pháiste mar aon le míniú ar fhoirm na teanga.	P: Dhún mé an fuinneog sa halla. M: Dhún tú an fhuinneog sa halla. Is focal baininsneach í fuinneog, cosúil le cuileog agus bábóg. P: Is cuimhin liom sin – Chuir mé an bhábóg sa bhosca inné agus dhún mé an fhuinneog sa halla.
Athmhúnlú Comhráiteach/ Teagascach	Cuireann an múinteoir ráiteas iomlán an pháiste, nó cuid de, ar bhealach eile. Bíonn sé ina aidhm le hAthmhúnlú Comhráiteach réiteach a fháil ar fhadhb thuisceana agus bíonn sé ina aidhm le hAthmhúnlú Teagascach foirmeacha teanga míchruinne a cheartú.	P: D'fhág Sorcha a mhála anseo. M: Is cailín í Sorcha. Nach gciallaíonn sé sin gur fhág sí a mála anseo? P: Tá an ceart agat – D'fhág Sorcha a mála anseo.

Tábla 1. *Straitéisí Athmhúnluithe*
(Lyster & Ranta, 1997; Lyster Saito & Sato, 2013; Sheen & Ellis, 2011)

Aiseolas Ceartaitheach i gComhthéacs an Tumoideachais

Ach i gcás Leideanna mar straitéis cheartúcháin (*Tábla 2* thíos), a mhalairt a bhíonn i gceist. Ní luaitear an fhoirm chruinn ach spreagtar an páiste an fhoirm mhíchruinn den teanga a thabhairt faoi deara ina gcuid cainte agus í a cheartú iad féin. I ranganna tumoideachais, is minic a dhíríonn páistí ar a dteachtairacht a chur in iúl agus go minic, ní bhíonn a dhóthain ama acu le smaoineamh ar fhoirm na teanga a bhíonn in úsáid acu. Mar sin de, uaireanta úsáideann páistí teanga mhíchruinn lena dteachtairachtaí a chur in iúl. Spreagann Leideanna na páistí chun stopadh seal agus smaoineamh ar an rud atá siad ar tí a rá. I gcás Leideanna mar straitéis, áfach, fágann sé sin nach mór buneolas éigin a bheith ag páistí ar an ngramadach ó thaobh na foirme teanga de, chun an botún a cheartú. Ní hionann é sin agus cás athmhúnluithe mar straitéis. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí a rá nach mbíonn tacaíocht chomh díreach ná chomh

follasach ar fáil don pháiste ó Leideanna mar straitéis cheartúcháin is a bhíonn ó athmhúnluithe maidir leis na botúin teanga a cheartú. Ina theannta sin, cé go maítear go mbaineann páistí tairbhe as Leideanna mar straitéis ó thaobh an phróisis trína bhfoghlaimíonn siad T2, léiríonn an taighde dúinn gur minic a mheastar go gcuireann Leideanna isteach ar cheacht ranga ós rud é go bhféadfadh sé go mbrisfí isteach ar an gcomhrá chun an fhoirm cheart a mhealladh ón bpáiste. Mar sin de, d'fhéadfadh Leideanna cur isteach ar luas agus ar shruth an ranganna, rud nach ndéanann athmhúnluithe mar straitéis cheartúcháin. Fágann an méid sin nach i gcónaí a bhíonn fonn ar mhúinteoirí nó ar pháistí iad a úsáid.



Aiseolas Ceartaitheach i gComhthéacs an Tumoideachais

Straitéisí Leideanna		
An Fhoirm Chruinn den Teanga a Choinneáil ón bPáiste.		
Straitéisí Leideanna	Sainmhíniú	Sampla
Leid Mheallta	<p>Aon straitéis a úsáidtear chun an fhoirm chruinn a mhealladh go díreach ón bpáiste. D'fhéadfadh sé sin tarlú ar thrí bhealach:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Is féidir leis an múinteoir bearna a fhágáil san abairt agus í á hathrá, ionas go mbeidh fonn ar an bpáiste an bhearna a líonadh; 2. Is féidir leis an múinteoir straitéisí ceistiúcháin a úsáid (cé, cad, cén uair...) chun an fhoirm chruinn a mhealladh; 3. Nó is féidir leis an múinteoir an fhoirm cheartaithe a iarraidh go díreach. 	<p>P: Tá na bordanna ar fud an tseomra. M: Tá na céard ar fud an tseomra? P: Tá na boird ar fud an tseomra.</p>
Soiléiriú	Frása simplí ('Gabh mo leithscéal? Cad é sin arís? Ní thuigim thú') a thugann le fios don pháiste go bhfuil botún éigin déanta.	<p>P: Rith mé timpeall an scoil inné le teachtaireacht an phríomhoide. M: Gabh mo leithscéal? P: Rith mé timpeall na scoile inné le teachtaireacht an phríomhoide.</p>
Leid Mheitheangeolaíoch	Déanann an múinteoir ráiteas an-gherr nó cuireann sé ceist an-gherr faoin bhfoirm teanga ach ní thugann sé an fhoirm chruinn don pháiste.	<p>P: An rinne tú an cáca le do Mhamó? M: Céard a tharlaíonn leis an bhfoirm dhiúltach den bhriathar déan san aimsir chaite? Ní...? P: Athraíonn sé! An ndearna tú an cáca le do Mhamó?</p>
Athrá	Déanann an múinteoir athrá ar an mbotún a rinne an páiste, gan an abairt iomlán a athrá. Is féidir le múinteoirí a dtuin chainte a athrú chun aird an pháiste a dhíriú ar an mbotún gramadaí.	<p>C: Tá mé múinteoir! C: Tá tú múinteoir?? (an glór ag ardú) S: Is múinteoir mé!</p>

Tábla 2. Straitéisí Leideanna (Lyster & Ranta, 1997; Lyster Saito & Sato, 2013; Sheen & Ellis, 2011)

Aiseolas Ceartaitheach i gComhthéacs an Tumoideachais

Sa sampla a thugtar i dTábla 1, *An bhfuil cead agam faigh deoch?*, d'fhéadfadh beagnach gach páiste ó Rang 2 ar aghaidh i scoil tumoideachais an ráiteas sin a cheartú ach leid a thabhairt dó/di de bharr go bhfuil an buneolas gramadaí ag na páistí faoi cé acu an fhoirm chruinn. Ach, ní hí an fhoirm chruinn a deir siad i gcónaí, rud is crá croí do na múinteoirí, toisc go bhfuil an fhoirm mhíchruinn glactha chucu féin acu. Má thugtar Leid dóibh, bíonn orthu stopadh seal agus smaoiniamh orthu féin. Sa chaoi seo, go hachomair, bíonn deis ag an bpáiste machnamh a dhéanamh ar a gcuid cainte agus ar a gcuid teanga féin agus machnamh a dhéanamh ar an bhfoirm chruinn den teanga, rud a chuirfeadh go mór lena p(h)róiseas sealbhaithe.

I sampla eile i dTábla 1 thuas, *Dhún mé an fuinneog sa halla*, ní bheidh sé sealbhaithe ag a lán páistí sna bunranganna sa chóras tumoideachais

gur ainmfhocal baininsneach is ea *fuinneog* agus go gcuirtear séimhiú air i ndiaidh an ailt chinnte – *an fhuinneog*. Ní leor Leid ón múinteoir sa chás sin; beidh gá le míniú. Fágann sé sin go bhféadfadh tacaíocht níos díri a bheith ag teastáil ón bpáiste chun an botún gramadaí a cheartú, sé sin, tacaíocht ó athmhúnlú.

Go hachomair, i bhfianaise an réimse láidreachtaí agus riachtanas teanga a bhíonn in aon seomra ranga tumoideachais ar leith, admháimid nach bhfuil aon réiteach amháin ann a oireann do gach páiste nó múinteoir. Mar a deirtear, “one size does not fit all” (Ammar & Spada, 2006, lch. 566). Dá bhrí sin, agus cur chuige frithchothromaíochta á chur i bhfeidhm againn trí úsáid chórasach a bhaint as AC, moltar go nglacfar raon straitéisí AC, ó Athmhúnluithe go Leideanna, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais teanga na bpáistí go léir sa seomra ranga tumoideachais. Mar gheall air sin,

spreagtar múinteoirí tumoideachais chun leas a bhaint as contanam straitéisí AC chun tacú le contanam láidreachtaí agus riachtanas teanga na bpáistí sa seomra ranga. Is é sin le rá go moltar go bhforbrófaí múinteoirí chun cinn ó athmhúnluithe a úsáid mar straitéis cheartúcháin a úsáid (ceartú follasach) go straitéisí Leideanna (ceartú intuigthe), ag brath ar chumas teanga na bpáistí.



Aiseolas Ceartaitheach i gComhthéacs an Tumoideachais

Contanam Tacaíochta AC i gComhair Contanam Láidreachtaí agus Riachtanas Teanga

Chun contanam tacaíochta AC a bhunú, tá sé riachtanach go n-aithneodh an múinteoir ranga cumas teanga na bpáistí agus a gcuid riachtanas agus go dtabharfar aitheantas don chumas agus do na riachtanais sin. Tuigimid go bhféadfadh sé a bheith róghéar ar an múinteoir agus ar na páistí na botúin teanga go léir a cheartú gach aon lá. Mar sin de, agus ar mhaithe le córas AC a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach agus i gcaoi chórasach, moltar go ndíreodh an múinteoir ar spriocfhoirm teanga (e.g. aidiacht shealbhach; inscne na n-ainmfhocal; bunuimhreacha, uimhreacha pearsanta etc.) ar feadh coicíse nó míosa (ag brath ar chumas teanga na bpáistí agus ar chleachtas theagaisc an mhúinteora). Ba cheart spriocfhoirm a roghnú ar ceann í a

mbíonn na páistí ag streachailt léi go rialta, i.e. riachtanas foghlama teanga tosaíochta (e.g. briathra neamhrialta, an chopail, inscne na n-ainmfhocal, an tuiséal ginideach). De réir mar a théann na páistí i dtaithí ar an spriocfhoirm teanga, moltar go laghdódh an múinteoir an tacaíocht nó an scafall i bhfoirm AC a thugtar don pháiste ó Athmhúnluithe (ceartú follasach) go Leideanna (ceartú intuigthe). Beidh an próiseas laghdaithe sin éagsúil ó pháiste go páiste ag brath ar a gcumas teanga agus ar a gcuid riachtanas. Mar sin, d'fhéadfadh sé go dteastódh Athmhúnluithe ó roinnt páistí ar feadh tréimhse níos faide ná a chéile chun an spriocfhoirm teanga a shealbhú go cruinn, mar shampla.

De réir mar a fhorbrófar T2 na bpáistí agus a thógfaidh Leideanna áit na nAthmhúnluithe mar straitéis cheartúcháin sa scafall AC, tosóidh na páistí ag tabhairt faoina gcuid botún féin a cheartú. Leis sin, aistreofar an

fhreagracht de réir a chéile (Ní Aogáin, 2019; van de Pol, Volman & Beishuizen, 2010) ón múinteoir go dtí an páiste, rud a chuirfidh le neamhspleáchas agus le freagracht na bpáistí agus lena bhfeasacht fhoriomlán ar an teanga. Le cur chuige scaflála den sórt sin, féachtar chuige go mbíonn an páiste seasta ag feidhmiú laistigh dá zón neasfhorbartha féin (Vygotsky, 1978), rud atá ríthábhachtach i dtaobh fhorbairt teanga an pháiste.



Aiseolas Ceartaitheach i gComhthéacs an Tumoideachais

Thairis sin, ní próiseas líneach a bhíonn i gceist le forbairt teanga an pháiste agus is féidir leis an bhforbairt sin dul chun cinn nó dul ar gcúl ag brath ar thosca éagsúla (e.g. gníomhaíocht nó ábhar an ranga, an lucht éisteachta, an fhoirm teanga, srl.). Dá bhrí sin, ní mór do mhúinteoirí leas a bhaint as contanam iomlán an AC a leagtar amach san ábhar tacaíochta seo, ag brath ar thosca éagsúla a mbíonn tionchar acu ar láidreachtaí agus riachtanais na bpáistí ó thaobh forbartha teanga de. Tá impleachtaí ag an bpróiseas forbartha sin maidir le measúnú ar an bhfoghlaim agus measúnú chun foghlama. D'fhéadfadh taifid leantacha a bheith áisiúil do mhúinteoirí chun rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn nó an dul ar gcúl maidir leis na straitéisí AC a theastaíonn ó na páistí chun a gcuid botún teanga a cheartú.

Contanam AC a Chur i bhFeidhm sa Seomra Ranga Tumoideachais

D'fhéadfadh an contanam tacaíochta AC (*Fíor 1*) seo a leanas, mar aon leis na treoirlínte maidir leis an tacaíocht a chur i bhfeidhm (*Fíor 2*), a bheith úsáideach chun tacú le múinteoirí contanam tacaíochta AC a chur i bhfeidhm chun cuidiú le freastal ar chontanam láidreachtaí agus riachtanas teanga páistí. Cúig leibhéal atá sa chontanam tacaíochta AC (*Fíor 1*), ó Leibhéal a hAon, ina mbíonn an páiste ag brath go mór ar an múinteoir ranga chun botúin teanga ó bhéal a thabhairt faoi deara agus a cheartú, go Leibhéal a Cúig, céim inar féidir leis an bpáiste féin a c(h)uid botún teanga a cheartú. Léiríonn gach leibhéal céim dhifriúil den fhorbairt teanga inar féidir cumas teanga ó bhéal na bpáistí aonair a lonnú. De réir mar a fhorbraíonn cumas teanga an pháiste, déanann sé/sí dul chun cinn

tríd an gcontanam ó Leibhéal a hAon go Leibhéal a Cúig. Sa chontanam seo a leanas, tugtar tuairisceoirí ar gach leibhéal maidir le forbairt teanga, agus tá na tuairisceoirí sin ceaptha chun cuidiú le múinteoirí measúnú a dhéanamh ar chumas teanga na bpáistí ar bhonn na mbotún ó bhéal a dhéanann siad. Ina theannta sin, leagtar síos sa chontanam an leibhéal cuí tacaíochta, i bhfoirm AC, is ceart do na múinteoirí a chur ar fáil do na páistí ar gach leibhéal. Anuas air sin, tugtar samplaí de fhriotal na bpáistí ar gach leibhéal, rud a thacaíonn arís eile leis an múinteoir maidir leis an AC is oiriúnaí a chur faoi bhráid an pháiste.

Idirghabháil

1. Tabhair leid intuigthe don pháiste go ndearna sé/sí botún: “*Gabh mo leithscéal?*”
2. Ag éirí as freagra an pháiste, is féidir na treoirlínte seo a úsáid lena mheas cén straitéis AC atá oiriúnach chun foghlaim an pháiste a scafláil.

Aiseolas Ceartaitheach i gComhthéacs an Tumoideachais

Leibhéal	Tuairisceoirí maidir le Forbairt Teanga (Arna chur in oiriúint ó: Aljaafreh & Lantolf, 1994)	Straitéisí AC (Arna chur in oiriúint ó: Lyster et al., 2013)
Leibhéal 1	<p>Níl an páiste in ann an botún a thabhairt faoi deara ná a cheartú, fiú le hidirghabháil ón múinteoir (e.g. Gabh mo leithscéal? Céard?). Ag an leibhéal seo, ní leor an tuiscint atá ag an bpáiste chun leas a bhaint as straitéisí AC an mhúinteora. D'fhéadfadh sé nach dtuigeann an páiste go bhfuil aon fhadhb i gceist leis an méid atá ráite aige/aici. Ní mór don mhúinteoir freagracht iomlán a ghlacadh as an mbotún a cheartú agus ceartú follasach a thabhairt.</p> <p>Mura bhfuil an páiste in ann teacht ar shamplaí dá chuid féin d'fhoirmeacha teanga den chineál céanna tar éis míniú meititheangeolaíoch a bheith tugtha dó/di, moltar an fhoirm teanga a mhúineadh arís le linn an cheachta teanga mar ceacht ranga nó mar mhioncheacht.</p>	<p>Athmhúnlú: Ceartú Follasach le Míniú Meititheangeolaíoch</p> <p>P (Páiste): Dhún mé an fuinneog sa halla. M (Múinteoir): Dhún tú an fuinneog sa halla. Is focal baininsneach í fuinneog, cosúil le cuileog agus bábóg. P: Is cuimhin liom sin – Chuir mé an bhábóg sa bhosca inné agus dhún mé an fuinneog sa halla. M: Maith thú – An fuinneog!</p>
Leibhéal 2	<p>Tugann an páiste a b(h)otún faoi deara ach níl ar a c(h)umas é a cheartú, fiú leis an idirghabháil. Tá forbairt éigin déanta ó Leibhéal a hAon toisc go bhfuil deis ann don mhúinteoir agus don pháiste phlé éigin a dhéanamh faoin bhfoirm. Mar sin féin, bíonn an páiste fós ag brath go mór ar an múinteoir chun na botúin a dhéanann sé a cheartú.</p> <p>Mura bhfuil an páiste in ann teacht ar shamplaí den chineál céanna den fhoirm, fill ar Leibhéal a hAon agus tabhair míniú meititheangeolaíoch ar an gceartú follasach.</p>	<p>Athmhúnlú: Ceartú Follasach</p> <p>P: An bhfuil cead agam faigh deoch? M: An bhfuil cead agat deoch a fháil? P: An bhfuil cead agam deoch a fháil a mhúinteoir? M: Maith thú! Tá cead agat cinnte!</p>
Leibhéal 3	<p>Tá a fhios ag an bpáiste go ndearna sé/sí botún agus é/í ag labhairt. D'fhéadfadh sé nach bhfuil a fhios aige/aici cén áit go díreach a bhfuil an botún gan treoir ón múinteoir nó ó phiara eile. Más mar sin atá, moltar don mhúinteoir an ráiteas mícheart a athrá, agus béim a chur ar an bhfoirm mhícheart, más gá. Leis sin, cuirfear ar chumas an pháiste é/í féin a cheartú láithreach. Mura bhfuil an páiste in ann é sin a dhéanamh, fill ar Leibhéal a Dó agus cuir ceartú follasach ar fáil don pháiste.</p>	<p>Leideanna: Athrá</p> <p>C: Tá mé múinteoir! T: Tá tú múinteoir?? (an glór ag ardú) S: Is múinteoir mé! T: Maith thú! Lean ort mar mhúinteoir.</p>
Leibhéal 4	<p>Ag an gcéim seo, tugann an páiste a b(h)otún faoi deara iad féin agus ceartaíonn sé/sí é gan mórán cúnaimh ná AC ón múinteoir – tar éis na hidirghabhála. Tá sé ar chumas an pháiste an botún a cheartú. Tosaíonn an páiste ag glacadh freagracht iomlán as a c(h)uid botún féin a cheartú. Mura bhfuil an páiste in ann é sin a dhéanamh, fill ar Leibhéal a Trí agus déan athrá ar an bhfoirm mhíchruinn. Ó am go ham ag an gcéim seo, d'fhéadfadh sé go dteastódh ón bpáiste deimhniú a fháil ón múinteoir/duine eile sa rang i dtaobh a gcuid ceartúcháin.</p>	<p>Leideanna: Soiléiriú</p> <p>C: Rith mé timpeall an scoil inné le teachtaireacht ón bpríomhoide. T: Gabh mo leithscéal? C: Rith mé timpeall na scoile inné le teachtaireacht ón bpríomhoide. T: Maith thú! An-mhaith!</p>
Leibhéal 5	<p>Ní gá go mbeadh idirghabháil ó dhuine eile i gceist chun botúin a thabhairt faoi deara nó a cheartú. Baineann an páiste úsáid as na spriocfhoirmeacha teanga cearta go seasmhach i gcomhthéacsanna éagsúla. Taispeánann sé sin go bhfuil labhairt na teanga ina uathphroiséas anois agus go bhféadfadh an páiste a bheith in ann é/í féin a cheartú agus piaraí a cheartú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Féincheartú Ceartú piaraí <p>Ní gá aon idirghabháil a dhéanamh ag an bpointe seo.</p>

Fíor 1.

Contanam Tacaíochta AC i gcomhair Contanam Láidreachtaí agus Riachtanas Teanga (Arna chur in oiriúint ó: Ní Aogáin, 2019).

Aiseolas Ceartaitheach i gComhthéacs an Tumoideachais

Anois, léirítear i *bhFíor 2* conas an contanam AC a léirítear i *bhFíor 1* a chur i bhfeidhm go praiticiúil, sa seomra tumoideachais.

I dtaobh teanga a fhoghlaim agus i dtaobh fhorbairt teanga na bpáistí a threorú agus a threisiú ar an mbealach is éifeachtaí agus is tairbhiúla, bheadh sé úsáideach a chinntiú go gcuirfear na treoirlínte AC thuasluaite i bhfeidhm go córasach sa seomra ranga tumoideachais. Más ar bhealach ad hoc a cheartaítear botúin ghramadaí na bpáistí, d'fhéadfadh na páistí a bheith ag streachailt le foirmeacha teanga cruinne agus foirmeacha teanga mhíchruinne a dheighilt, rud a d'fhéadfadh deacrachtaí a chur rompu ina n-aistear foghlama T2. Sa mhéid sin, b'fhiú don mhúinteoir ranga AC cuí a mhúnlú go seasmhach os comhair na bpáistí sa seomra ranga go leanúnach i rith an lae tumoideachais.

1. Má chloiseann an múinteoir botún, tugann sé/sí Leid don pháiste (e.g. Gabh mo leithscéal?). 'Idirghabháil' a thugtar air sin i bhFíor 1.
2. Ansin measann an múinteoir freagra an pháiste ar an 'idirghabháil' ar an toirt.
3. Má dhéanann an páiste an botún arís agus mura léir go dtuigeann sé/sí i gceart – más ar chor ar bith – cén botún a rinne sé, ba cheart athmhúnlú a chur ar fáil don pháiste mar straitéis cheartúcháin e (Leibhéal a Dó).
 - (3b) Mura bhfuil an páiste in ann an botún teanga a mhíniú ná samplaí eile den fhoirm teanga a thabhairt ag an bpointe seo, ba mhaith an rud é aiseolas meititheangeolaíoch a thabhairt don pháiste (Leibhéal a hAon), i.e. an fhoirm teanga a mhíniú go follasach nó a mhúineadh go hachomair arís. Chun an próiseas sealbhaithe teanga a neartú ag an bpointe seo, d'fhéadfaí dul siar follasach a dhéanamh ar an bhfoirm teanga atá i gceist mar ghníomhaíocht ranga nó mar mhioncheacht níos déanaí, le linn ceacht teanga.
4. Má tá an chuma air go dtuigeann an páiste an botún teanga a rinne sé/sí nó go bhfuil sé/sí in ann an botún a cheartú agus an idirghabháil curtha ar fáil dó/di, d'fhéadfadh sé gur leor Leid eile chun an páiste a spreagadh lena ráiteas féin a cheartú (Leibhéal a Trí/a Ceathair air).
 - (4b) Mura leor Leid bhreise (Leibhéal a Trí/a Ceathair), moltar filleadh ar Leibhéal a Dó agus Athmhúnlú a chur ar fáil don pháiste i bhfoirm ceartú follasach agus an fhoirm chruinn den teanga a chur ar fáil don pháiste.

Fíor 2. *Treoirlínte Praiticiúla Maidir le Contanam Tacaíochta AC a chur i bhFeidhm i gComhair Contanam Láidreachtaí agus Riachtanas Teanga.*

Aiseolas Ceartaitheach i gComhthéacs an Tumoideachais

Tá tuilleadh comhairle do mhúinteoirí i *bhFíor 3* maidir le AC a chur i bhfeidhm i gcaoi phraiticiúil agus na treoirlínte seo a leanúint ar bhealach córasach agus dearfach, ba cheart go dtiocfadh AC chun cinn mar chuid de ghnáthobair an tseomra ranga. Ar ndóigh, glacfaidh sé cúpla seachtain ar na páistí dul i dtaithí ar an gcóras ceartúcháin nua. Ach le múnlú seasmhach ón múinteoir ranga, mar aon le neart moladh agus spreagadh, rachaidh na páistí i bhfeidhm ar an gcóras sa rang. Leis sin, spreagfar bunú cur chuige frithchothromaíochta ós rud é go dtabharfaidh na páistí aird níos mó ar fhoirmeacha teanga le linn ceachtanna ábhair agus go ginearálta le linn idirghníomhaíocht fhiúntach i rith an lae scoile tumoideachais. Gan amhras ar bith, tá impleachtaí tábhachtacha ag an gcóras AC seo i leith cur chuige uile-scoile.

- Déan deimhin go bhfuil gach duine sa seomra ranga tumoideachais (múinteoir ranga, cúntóir riachtanas speisialta, na páistí, múinteoir oideachais speisialta srl.) páirteach sa chur chuige maidir le botúin a cheartú ionas go spreagtar meon comhoibríoch a chothú maidir le ceartúchán sa seomra ranga.
- Spreag na páistí ar bhealach cairdiúil sa chaoi is go mbeidh ceartú botún ina ghnáthchuid den obair sa seomra ranga. Cuirfidh sé sin le feacht fhoriomlán teanga na bpáistí, rud a spreagfaidh na páistí le botúin a chéile a cheartú.
- Mol agus spreag féincheartú agus ceartú-piaráí i measc na bpáistí. Cuirfidh sé sin go mór le heispéireas na bpáistí ó thaobh teanga a shealbhu de agus iad ag tabhairt faoin bhfoghlaim lena chéile agus óna chéile.
- Bíodh neart prionta sa timpeallacht a thabharfaidh spreagadh do na páistí. Mar shampla, cuir póstaer ar taispeáint sa seomra ranga, ina léireofar foirmeacha casta gramadaí. Bheadh sé ina chuidiú mór do na páistí dá mbeadh na foirmeacha casta léirithe ar phóstaer i gcló níos troime nó i ndath éagsúil, ionas go seasfaidh patrún/rialacha na bhfoirmeacha deacra amach go héasca do na páistí. Beidh sé sin ina chúnaimh breise do na páistí agus an teanga á sealbhú acu agus cuirfeadh sé arís eile leis an bhféincheartú agus an ceartú piaráí i measc na bpáistí.
- Déan deimhin go bhfuil an spriocfhoirm AC i gcomhair na coicise/ míosa ag teacht leis an ábhar atá na ceachtanna foirmiúla Gaeilge dírithe air. Leis sin, ba chóir go neartófaí an próiseas trína sealbhaítear T2 agus go gcuirfí dlús le forbairt scileanna féincheartaithe agus ceartaithe-piaráí i measc páistí sa chóras tumoideachais.

Fíor 3. *Smaointe Praiticiúla Chun AC a Chur Chun Cinn sa Seomra Ranga Tumoideachais*

Aiseolas Ceartaitheach i gComhthéacs an Tumoideachais

Aiseolas Ceartaitheach mar Chur Chuige Uile-Scoile

Chun cruinneas T2 agus sealbhú an T2 a chur chun cinn go héifeachtach i measc páistí tumoideachais, b'fhiú córas uile-scoile a chur i bhfeidhm maidir le AC. Trí chur ar chumas na mball foirne a bheith ag obair as lámha a chéile chun plan comhoibríoch agus córasach a cheapadh maidir le AC, féadfar a chinntiú go mbeidh cleachtas ceartúcháin in úsáid ar fud na scoile go léir ar bhealach comónta. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh ceartú botún a bheith ina ghné de gach cuid de shaol na scoile (i.e. tionól, am sosa, am lóin, etc.), rud a chuirfeadh le próiseas sealbhaithe cruinn T2 na bpáistí ar leibhéal na scoile uile. Mar a deir an seanfhocal, “Ní neart go cur le chéile”.



Aiseolas Ceartaitheach i gComhthéacs an Tumoideachais

Tagairtí

Aljaafreh, A., & Lantolf, J. (1994). Negative feedback as regulation and second language learning in the zone of proximal development. *The Modern Language Journal*, 78(4), 465-483. doi:10.2307/328585

Ammar, A., & Spada, N. (2006). One size fits all? Recasts, prompts, and L2 learning. *Studies in Second Language Acquisition*, 28(04), 543-574. doi:10.1017/S02722263106060268

Ellis, R. (2001). *Form focused instruction and second language learning*. Oxford: Blackwell Publishers.

Harris, J., & Ó Duibhir, P. (2011). *Effective language teaching: A synthesis of research*. Dublin: NCCA. Retrieved from: http://www.gaelscoileanna.ie/files/Effective_language_teaching.pdf

Lyster, R. (2007). *Learning and teaching languages through content: A counterbalanced approach* (Vol. 18). Amsterdam: John Benjamins Publishing.

Lyster, R., & Ranta, L. (1997). Corrective feedback and learner uptake. *Studies in Second Language Acquisition*, 19(01), 37-66. doi:10.1017/S02722263197001034

Lyster, R., Saito, K., & Sato, M. (2013). Oral corrective feedback in second language classrooms. *Language Teaching*, 46(01), 1-40. doi:10.1017/S0261444812000365

Ní Aogáin, S. (2019). *Teachers' and students' perspectives of corrective feedback on the grammatical accuracy of immersion students' second language*. (PhD), Dublin City University. Retrieved from <http://doras.dcu.ie/22827/>

Ranta, L., & Lyster, R. (2018). Form-focused instruction. In P. Garrett & J. Cots (Eds.), *The Routledge handbook of language awareness* (pp. 40-57). New York: Routledge.

Sheen, Y., & Ellis, R. (2011). Corrective feedback in language teaching. In E. Hinkel (Ed.), *Handbook of research in second language teaching and learning* (Vol. 2, pp. 593-610). New York: Routledge.

van de Pol, J., Volman, M., & Beishuizen, J. (2010). Scaffolding in teacher-student interaction: A decade of research. *Educational psychology review*, 22(3), 271-296. doi:10.1007/s10648-010-9127-6

Vygotsky, L. S. (1978). *Mind in society: The development of higher mental processes*. In M. Cole, V. John-Steiner, S. Scribner, & E. Souberman (Eds.), (original manuscripts 1930-1934 ed.). Cambridge: Harvard University Press.

